# Ceiliúradh teanga í a léamh!

Ceisteanna, gníomhaíochtaí agus acmhainní eile do na sraitheanna ranga Gaeilge atá ag Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall



children's books ireland
every child a reader

www.donegallibrary.ie
@DonegalCountyLibrary
@DonegalLibrary
@DonegalLibrary

children's books ireland
every child a reader

**Príomheagarthóir agus táirgíocht:** Jenny Murray
**Eagarthóir Gaeilge:** Jenifer Ní Ghrádaigh
**Dearadh:** www.fintanwall.com

Faigheann **Children's Books Ireland/ Leabhair Pháistí Éireann** cúnamh airgid ó **The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon**, 70 Merrion Square, Dublin 2, Ireland

**Children's Books Ireland/Leabhair Pháistí Éireann**
First Floor, 17 North Great Georges Street, Dublin 1, D01 R2F1
Guthán: 00 353 1 8727475
info@childrensbooksireland.ie
www.childrensbooksireland.ie

Tá gach iarracht déanta ag Leabhair Pháistí Éireann le cinntiú go bhfuil an fhaisnéis sa treoir seo cruinn. Ní féidir le LPÉ a bheith freagach áfach as aon earráid ná easnamh.

Thug oifigigh teanga ó na heagraíochtaí seo cuidiú dúinn na hacmhainní a chur le chéile:

the arts council / an chomhairle ealaíon — cistiú litríocht
Líonra Leitir Ceanainn — Cruthaigh spás don Ghaeilge
Tuaisceart Dhún na nGall
Meitheal Pleanála Teanga An Iarthuaisceirt
Comhairle Contae Dhún na nGall — Donegal County Council
Leabharlanna Éireann — Is Leatsa Gach Leabharlann
An Ceart chun Léitheoireachta ag do Leabharlann

# Fáilte

Tá súil agam go mbainfidh múinteoirí, tuismitheoirí, foghlaimeoirí agus daoine óga tairbhe as an acmhainn seo. Cé go raibh sé curtha le chéile ag Leabhar Pháistí Éireann i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall, tá na ceisteanna, gluaiseanna agus físeáin ar fáil saor in aisce ar líne d'achan duine ar fud na tíre agus ar fud an domhain. Buíochas leis na daoine éagsúla a chruthaigh na gníomhaíochtaí.

Tá tríocha cóip d'achan leabhar sa phacáiste seo ar fáil ar iasacht do scoileanna i nDún na nGall le hordú óna leabharlann áitiúil. Tá sonraí teagmhála do na leabharlanna seo curtha san áireamh ag cúl na hacmhainne.

Creideann muid go gcuirfidh na leabhair agus na hacmhainní leis na hiarrachtaí atá ar bun ag scoileanna léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn. Ag an am céanna beidh na gluaiseanna agus na físeáin do na pictiúrleabhair áisiúil do thuismitheoirí agus chaomhnóirí, go háirithe dóibh siúd atá ag foghlaim na teanga.

Ní bheadh an acmhainn ann gan tacaíocht ó Leabhar Pháistí Éireann, go háirithe Jenny Murray agus Jenifer Ní Ghrádaigh.

Go raibh maith agat do Donna Cavanagh, Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin le Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall, a thug tacaíocht don togra ón tús. Gabhaim buíochas mór le Denis McGeady agus Anne Rennicks ó Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair a d'oibrigh go díograiseach chun an tionscadal a chur i bhfeidhm.

Fuair muid tacaíocht ar leith ó na hoifigigh teanga Póilín Uí Ghallachóir, Bairbre Uí Chathail, Pádraig Mac Congáil agus Dónall Ó Cnáimhsí. Mo bhuíochas le Kayla Reed ó An Gúm chomh maith.

Gabhaim buíochas speisialta leis na maisitheoirí, scríbhneoirí, aistritheoirí agus foilsitheoirí a chruthaigh na léaráidí agus na scéalta mealltacha seo. Saibhríonn bhur n-iarrachtaí teanga agus brionglóidí na hóige.

We hope that these resources prove useful to those on various stages of the language learning journey and that they assist in supporting Irish Language reading in families and schools everywhere. The glossaries are an extra aid for learners and those returning to the language and are there to encourage you to read the picture-books with your families. It is not intended that the recorded stories replace the voice of a loved one reading the book but are included as a support to help you build up the confidence to read aloud in Irish yourself.

Bígí ag caint, bígí ag léamh agus bígí ag scéalaíocht.

**Joe Ó Ceallaigh**
*Leabharlannaí Feidhmiúcháin, Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall*

## Clár


2 BÍ AG SPRAOI LIOM! Oiriúnach do 2–4, 5–7
6 AN GARBHÁN Oiriúnach do 2–4, 5–7
10 BEAG BÍDEACH Oiriúnach do 2–4, 5–7
13 MÍP Oiriúnach do 2–4, 5–7
17 BLIAIN NA nAMHRÁN Oiriúnach do 5–8, 9–11
20 CLUASA CAPAILL AR AN RÍ Oiriúnach do 5–8, 9–11
23 MÓR AGUS MUILC Oiriúnach do 5–8
26 Ó AM GO hAM Oiriúnach do 8–11
29 AR STRAE Oiriúnach do 9–11, 12–14
32 DIALANN DÚRADÁIN: AN FHÍRINNE SHEARBH Oiriúnach do 9–11, 12–14
35 BOSCADÁN Oiriúnach do 9–11, 12–14
38 ASTERIX AGUS CORÓIN LABHRAIS CHAESAIR Oiriúnach do 10–12, 12–14
41 HÓNG Oiriúnach do 12–14
45 DAIDEO Oiriúnach do 12–14, Aosach Óg
48 NÓINÍN Oiriúnach do Aosach Óg

# BÍ AG SPRAOI LIOM!

**Sadhbh Devlin**
**maisithe ag Tarsila Krüse**

FUTA FATA
ISBN 9781910945490




## Achoimre

Seo pictiúrleabhar úsáideach chun caidreamh idir tuismitheoir agus páiste beag a phlé. Tá Lúna ag iarraidh dul ag taisteal le Mamaí ina meaisín ama nua – ach tá Mamaí an-ghnóthach. In ainneoin a hiarrachtaí ní féidir léi Mamaí a mhealladh chun spraoi léi. Ach ansin, tagann Lúna ar ábhar an-spéisiúil. Leagann sí a lámh ar sheanghrianghraif agus aithníonn sí láithreach aghaidh an duine atá ag féachaint ar ais uirthi. Scéal álainn faoin spraoi teaghlaigh agus ceann a chuireann i gcuimhne dúinn go mbíonn gá le ham don spraoi i gcónaí.

## Eolas faoi Shadhbh Devlin

Is scríbhneoir, colúnaí irisleabhair, láithreoir agus taighdeoir teilifíse í Sadhbh Devlin. Is i gCill Mhantáin atá sí ina cónaí. Bhí sí mar láithreoir agus stiúrthóir ealaíne ar an tsraith teilifíse do pháistí dar teideal *An Fear Bréige* a craoladh ar TG4, sraith a dhírigh ar théamaí éiceolaíochta agus ceardaíochta. Faoi láthair is í an taighdeoir leis an gclár faisnéise seachtainiúil do mhná, *Róisín*, ar TG4 í. Scríobhann sí colún rialta ceardaíochta san iris *Easy Parenting Magazine* freisin. Chaith sí roinnt blianta ag obair leis an eagraíocht Comhluadar, a thug tacaíocht do theaghlaigh a bhí ag tógáil clainne le Gaeilge.

## Eolas faoi Tarsila Krüse

Seo an dara pictiúrleabhar le Tarsila Krüse atá foilsithe ag Futa Fata. Is iomaí duais atá bainte amach ag an maisitheoir sciliúil seo mar gheall ar ardchaighdeán na léaráidí ina saothair. Bhí *Ná Gabh ar scoil!* ar ghearrliosta Leabhair Pháistí Éireann do Leabhar na Bliana in 2016, agus ar ghearrliosta Ghradam Réics Carló an bhliain chéanna. Bhuaigh saothar eile dá cuid, *Bliain na nAmhrán,* Gradam Speisialta na Móltóirí i ngradaim Leabhair Pháistí Eireann sa bhliain 2017.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Léigh an teideal 'Bí ag Spraoi Liom'. Cé leis a bhfuil an cailín óg ag caint? Cad ba mhaith léi a dhéanamh?
2. An raibh tusa riamh ag iarraidh spraoi le duine fásta sa bhaile, mar atá Lúna?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Breathnaigh ar na páipéir cheangail. Feiceann tú go leor earraí tí ann. Cé mhéad díobh is féidir leat a aimsiú?
2. Féach ar an leathanach ar a bhfuil teideal an leabhair. Is breá le Lúna a bheith ag spraoi ach tá an seomra bun os cionn! Cad iad na rudaí a fheiceann tú ar an urlár? Cén cluiche a bhí ar siúl aici, meas tú?
3. An raibh tú riamh ag spraoi le haon cheann de na hearraí sin sa bhaile? Cad a rinne tú leis?
4. Tabhair sracfhéachaint ar leathanaigh 4, 5 agus 6. Tá rud éigin speisialta á thógáil ag Lúna. Ní fheadar céard é féin?
5. Oscail leathanach 7 agus 8. Ní fheadar cá bhfuil Mamaí ag dul? Conas a mhothaíonn Lúna?

## Le linn duit an scéal a léamh: Ag déanamh machnaimh

1. Oscail leathanach 1. Cad a thóg Lúna? Tá sí ag iarraidh taisteal siar sa stair. Cén tréimhse ama ar mhaith léi cuairt a thabhairt uirthi? Níl ar chumas Mhamaí taisteal léi an uair seo, cén fáth? Ar mhaith leatsa taisteal le Lúna?
2. Oscail leathanach 2. Cén aoibh atá ar aghaidh Lúna? Cuir an aoibh chéanna ar d'aghaidh féin agus tú ag léamh.
3. Oscail leathanach 3. Tagann athrú ar spion Lúna anois. Cén plean atá aici? An plean maith é sin? An féidir leatsa smaoineamh ar aon rud eile a chuirfeadh leis an bplean sin?
4. Oscail leathanach 4. Tá bosca ag Lúna ina bhfuil go leor rudaí ón mbaile bailithe aici. Céard atá ann? Cad a dhéanfaidh sí leis na píosaí sin ar fad? An éireoidh lena plean? Cad a déarfaidh Mamaí nuair a fheicfidh sí an meaisín?
5. Oscail leathanaigh 5 agus 6. Tá píosa beag cabhrach ag teastáil ó Lúna! Cad a iarrann sí ar Mhamaí? D'fhéadfadh leath an ranga ceist Lúna a ghlaoch amach, agus an leath eile freagra Mhamaí a ghlaoch.
6. Oscail leathanach 8. Cé atá ag an doras, meas tú? Can an t-amhrán
   - 'Tá duine ag an doras bing bong bing bong,
   - Tá duine ag an doras bing bong,
   - Cé atá ann ar maidin go moch,
   - Is mise atá ann arsa Fear an Phoist, Bing bong bing bong bing bong'.
   - Cuir isteach ainm duine nua gach uair.
7. Oscail leathanach 9. Tá Lúna ag tarraingt bosca mór ón tseilf. Ní fheadar cad atá sa bhosca sin? Ní fheadar cé hiad sin sna grianghraif?
8. Oscail leathanaigh 11–12. Cé atá ar cuairt ag Mamaí? Cén comhrá atá ag dul ar aghaidh eatarthu?
9. Oscail leathanaigh 15–16. Tá Lúna an-ghnóthach sa phictiúr seo. Cad air a bhfuil sí ag smaoineamh? Ar chruthaigh tusa meaisín mar sin riamh?
10. Oscail leathanaigh 21–22. Cad atá ar siúl ag Mamaí agus Lúna? An raibh tusa ag spraoi mar sin le duine sa bhaile riamh?

## Tar éis duit an scéal a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Sa scéal seo, bhí Lúna ag iarraidh spraoi lena Mamaí sa bhaile ach bhí Mamaí gnóthach ag an tús. Ar tharla sé sin riamh duitse?
2. Féach ar na smaointe a bhí agat sular léigh tú an scéal. An raibh an ceart agat?
3. Féach ar leathanaigh 9 agus 10 arís. Tá radhairc shuimiúla ag titim amach. Lig ort gur tusa Mamaí. Inis an scéal do Lúna faoin eachtra atá ar siúl i ngach grianghraf. Cá raibh Mamaí? Cén aois a bhí aici? Cá raibh sí ag dul an lá sin?
4. Féach ar leathanach 13 arís. Tá Lúna ag smaoineamh ar na rudaí iontacha is féidir léi a dhéanamh le Mamaí. Cad atá ar siúl aici i ngach grianghraf? An ndearna tusa spraoi mar sin le duine fásta sa bhaile riamh?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Glac féinphic díot féin leis na bréagáin is fearr leat sa bhaile. Tóg isteach an grianghraf agus labhair leis an rang faoi. Cad is ainm don bhréagán seo? Cá bhfuair tú é? Cá mbíonn sé sa bhaile?
- Scríobh na treoracha chun meaisín ama a thógáil. Cad iad na hearraí a bheidh ag teastáil uait? Cad iad na céimeanna cuí?
- Dúshlán: Cuir agallamh ar dhuine sa bhaile maidir leis na breágáin a thaitin leo mar pháistí. Bain úsáid as roinnt de na ceisteanna seo a leanas:

  *Cén bréagán a thaitin leat nuair a bhí tú óg?*

  *Cá bhfuair tú é?*

  *Inis dom faoi chluiche a d'imir tú leis an mbréagán sin.*

  *An bhfuil grianghraf agat díot féin leis an mbréagán?*

- **Dúshlán:** Lig ort go bhfuil meaisín ama tógtha agat. Cén tréimhse ama ar mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi agus cén fáth? Cé leis a mbuailfeá ann? Cad a déarfá leis an duine sin?

# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Féach ar shuíomh idirlín an údair: http://sadhbhdevlin.ie/. Cad iad na leabhair eile atá scríofa aici?
- Féach ar shuíomh idirlín an mhaisitheora: https://www.tarsilakruse.com/. Cad iad na leabhair eile atá maisithe aici?
- Féach ar an liosta léitheoireachta: https://childrensbooksireland.ie/our-recommendations/seachtain-na-gaeilge-juniors
- Féach ar an bpacáiste gníomhaíochta do *Bí ag Spraoi Liom!*: https://www.futafata.ie/image/catalog/Sample%20Pages/BiAgSpraoiLiom_PacaistaGniomhaiochta.pdf
- Brú anseo síos chun féachaint ar an leabhar *Bí ag Spraoi Liom!* á léamh os ard ag Póilín Uí Ghallachóir: https://youtu.be/WypLwt4VXQQ


# GLUAIS

| | |
|---|---|
| Seo linn, a mhamaí! | Here we go mammy! |
| Meaisín Ama | Time machine |
| Siar linn | Back we go |
| Fadó Fadó | Long ago |
| Díreach ansin | Just then |
| Anois díreach | Right now |
| Maitheas | Good/value |
| Ceapfaidh mé | I will invent |
| Neart ama | Enough time |
| Ag spraoi | Playing |
| An gcabhróidh tú liom | Will you help me |
| A ghreamú | To stick/attach |
| I gceann cúpla nóiméad | In a couple of minutes |
| A ghearradh | To cut |
| Ag cloigín | Ringing |
| Cruinniú | Meeting |
| Is gearr go mbeidh mé réidh | It won't be long until I'm ready |
| Ba mhó | That was the biggest |
| De phlab | With a splat |
| D'eitil | Flew |
| Scaipeadh | Were scattered |
| An-ghnóthach | Very busy |
| Cad atá uait? | What do you need? |
| Ciúnas iomlán | Complete silence |
| Bualadh le | Meet |
| Bhrúigh | Pressed |
| Cnaipe | Button |
| Ar aghaidh leo | Off they went |

# AN GARBHÁN

**Julia Donaldson**
**maisithe ag Alex Scheffler**
**aistrithe ag Gabriel Rosenstock**

AN LEAGAN GAEILGE © AN GÚM
FORAS NA GAEILGE




## Achoimre

Téann luch ar strae i gcoill agus casann sí ar shionnach, ar ulchabhán agus ar nathair. Ceann ar cheann, tugann na hainmhithe cuireadh abhaile don luch chun béile a ithe: ach is léir go bhfuil sé i gceist acu an luch féin a ithe don bhéile. Ní ghlacann an luch le cuireadh ar bith, mar tá coinne aici le 'Garbhán' ar ball, agus déanann sí cur síos ar an nGarbhán céanna, ainmhí thar a bheith scanrúil: 'Tá starrfhiacla géara ann, is docht é a ghreim, is scanrúil a gháire … scanrúil go deimhin.' Dar leis an luch, an béile is blasta leis an nGarbhán ná madra rua, pióg ulchabháin, agus nathair stofa. Díreach nuair a cheapann an luch go bhfuil sí i gceart agus slán sábhailte léi féin, casann sí ar an nGarbhán – ainmhí nár chreid sise féin ann ar chor ar bith! Ar ndóigh tá an Garbhán stiúgtha agus réidh chun í a ithe, ach buaileann an luch chliste bob air ionas go gcreideann sé gur ise an t-ainmhí is scanrúla ar fad.

## Eolas faoi Julia Donaldson

Údar mór-ráchairte do pháistí í Julia Donaldson, a bhfuil *An Garbhán (The Gruffalo)* agus *An Garbhán Óg (The Gruffalo's Child)* ar na leabhair is cáiliúla léi, le díolachán de níos mó ná 25 milliún, agus iad aistrithe go níos mó ná céad teanga eile. Scríbhneoir ildánach í, le ficsean, filíocht, drámaí agus amhráin óna peann. B'ise Laureate na bPáistí sa Ríocht Aontaithe 2011–13, agus fuair sí CBE don mhéid atá déanta aici ar son na litríochta. Tá cónaí uirthi agus ar a fear céile in West Sussex agus i nDún Éideann.

## Eolas faoi Axel Scheffler

Is maisitheoir aitheanta é Axel Scheffler, a bhfuil clú agus cáil bainte amach aige dá léaráidí gleoite glice. Bíonn saothar Axel ar taispeáint ar fud an domhain, agus chomh maith lena obair mar mhaisitheoir leabhair, dhear sé stampaí na Nollag do Royal Mail in 2012. Rugadh Axel in Hamburg na Gearmáine, ach tá cónaí anois air lena theaghlach i Londain, Sasana.

## Eolas faoi Gabriel Rosenstock

File agus aistritheoir aitheanta is ea Gabriel Rosenstock. Rugadh i gCill Fhíonáin, Co. Luimnigh é, agus bhí sé ina mhac léinn i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, ar a raibh sé mar chuid de ghlúin INNTI. Chaith sé fórmhór a shaoil sa Ghúm. D'éirigh sé as chun dul i mbun pinn go lánaimseartha. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Éigse Éireann tráth, agus tá idir leabhair filíochta agus leabhair do pháistí á fhoilsiú go rialta aige ó shin.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Cá mhéad ainmhí a fheiceann tú ar an chlúdach? Cé acu Garbhán dar leat?
2. An dtuigeann tú an focal *Garbhán*? Cad faoin fhocal *Garbh*? An síleann tú gur créatúr deas a bheadh sa Gharbhán? Cad chuige?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Breathnaigh ar na páipéir cheangail. Cá háit a bhfuil an scéal seo suite i do bharúil?
2. Cad iad na hainmhithe a fheiceann tú i rith an scéil? Cé hiad na príomhcharachtair, meas tú? Cad chuige?
3. An raibh tú féin riamh amuigh ag siúl áit ar bith cosúil leis an áit ina bhfuil an scéal seo ag tarlú? Cá bhfuil sé sin? An dtéann tú ann go minic?
4. An bhfuil barúil agat ar cad é atá ag dul a tharlú sa scéal seo?

## Le linn duit an scéal a léamh: Ag déanamh machnaimh

1. Léigh an chéad chúpla leathanach. Cad atá ar intinn ag an sionnach nuair a chastar an luch air? Cad chuige a ritheann sé ar shiúl ón luch?
2. Léigh an chéad cúpla leathanach eile nuair a bhuaileann an luch leis an ulchabhán. Cén cleas atá á imirt ag an luch? An bhfuil sí cliste? An síleann tú go gcreideann an luch féin gurb ann do Gharbhán ar chor ar bith? Cén fáth?
3. Léigh an cur síos a dhéanann an luch ar an Gharbhán don sionnach, don ulchabhán agus don nathair. An mbeifeá féin ábalta pictiúr den Gharbhán a tharraingt bunaithe ar an chur síos seo, gan amharc ar na pictiúir den Gharbhán féin atá sa leabhar?
4. I lár an scéil, buaileann an luch leis an Gharbhán féin. Cad é mar a mhothaíonn an luch nuair a chastar an Garbhán uirthi? Cad chuige nach n-itheann an Garbhán an luch láithreach?
5. Léigh an chuid eile den scéal go dtí an deireadh. Cén cleas a d'imir an luch ar an Gharbhán sa deireadh? Cad é mar a chuirfeá síos ar an luch i do chuid focail féin?

## Tar éis duit é a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Amharc arís ar chlúdach an leabhair. Cén chuma atá ar aghaidh an Gharbháin? An dóigh leat gurb ionann an Garbhán seo agus an Garbhán sa scéal? An gcuirfeadh sé eagla ar dhuine?
2. Amharc arís ar na pictiúir tríd an leabhar seo. An gcuidíonn siad leis an scéal a mhíniú agus a chur chun cinn?
3. Feictear go leor ainmhithe sa scéal seo, chomh maith leis an Gharbhán féin! Cad iad na hainmhithe a fheiceann tusa sa bhaile, sa ghairdín, sa chlós súgartha, nó amuigh ag siúl?
4. Tabhair spléachadh arís ar na léaráidí fríd an scéal seo. Tá cúpla ainmhí le feiceáil iontu nach gcluineann muid uathu. An dtig leat iad a aithint?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- An maith leat na léaráidí sa leabhar seo? Pioc ceann amháin agus tarraing é.
- Scríobh Julia Donaldson an leabhar seo. Cén cheist a chuirfeá ar an údair faoin leabhar *An Garbhán*?
- Is pictiúrleabharé *An Garbhán*. Mar gheall air sin tá na léaráidí le Axel Scheffler chomh tábhachtach leis an téacs. An mbeadh an leabhar seo chomh maith agus chomh suimiúil gan léaráidí ar bith, meas tú?
- Cad a tharla nuair a bhí an scéal seo críochnaithe? Cad a dúirt an luch faoin eachtra? Cad a dúirt An Garbhán? Déan cur síos ar na comhráite seo.

# TUILLEADH ACMHAINNÍ


- Íoslódáil na gníomhaíochtaí le déanamh sa bhaile nó i ngrúpa ar scoil (scrolláil go deireadh an leathanaigh): https://www.panmacmillan.com/blogs/books-for-children/colouring-pages-for-kids
  - *The Gruffalo* woodland colouring sheet / *An Garbhán* leathanach dathúcháin na coille
  - *The Gruffalo* and *The Gruffalo's Child* colouring sheet / *An Garbhán* agus *An Garbhán Óg* leathanach dathúcháin
  - *The Gruffalo* wordsearch activity sheet / *An Garbhán* cuardach focal
  - *The Gruffalo* maze activity sheet / *An Garbhán* leathanach lúbra
  - *The Gruffalo* spot the difference sheet / *An Garbhán* aimsigh na difríochtaí
  - *The Gruffalo* dot-to-dot activity sheet / *An Garbhán* ceangail na poncanna
  - *The Gruffalo* pairs game / *An Garbhán* cluiche péire
  - *The Gruffalo* finger puppets sheet / *An Garbhán* méarphuipéid
- Tar isteach sa choill le Julia Donaldson le haghaidh léamh ar leith de *The Gruffalo*: https://youtu.be/kQpmH04n_vA
- Ar mhaith leat do chóisir féin a eagrú bunaithe ar an nGarbhán? Ar an nasc thíos gheobhaidh tú mascanna, cluichí, cuireadh, agus eile – gach rud a bheadh ag teastáil uait!: https://www.panmacmillan.com/blogs/books-for-children/gruffalo-party-ideas-costumes-cake-invitations
- Brú anseo síos chun féachaint ar an leabhar *An Garbhán* á léamh os ard ag Kayla Reed: https://youtu.be/hQzxnifw7PM

# GLUAIS

Luch ................................ Mouse
Ar strae ............................ Lost
Sionnach .......................... Fox
Íosfaimid lón ..................... We will eat lunch
Ar fán............................... Lost
Coinne ............................. Appointment
Garbhán ........................... Gruffalo
Amadán............................ Idiot
Starrfhiacla géara............. fangs
Is docht é a ghreim........... Tight is his grip
Scanrúil............................ Scary
Béile................................ Meal
Ruball............................... Tail
Faoi lánluas ...................... Quickly
Níl a leithéid de rud ann.... There is no such thing
Lean sé ar aghaidh............ He continued
Ulchabhán........................ Owl
Dhá ghlúin chama ............ Two crooked knees
Méara nach mín ............... Fingers that aren't straight
Faithne nimhe .................. Poisonous wart
Ar bhruach an tsrútháin .... On the bank of the stream
Píog.................................. Pie
Sciatháin .......................... Wings
Nathair............................. Snake
Teanga dhubh ghránna....... Ugly black tongue
Colgáin chorcra ................ Purple bristles
Stofa ................................ Stewed
Rógaire lofa....................... Rotten chancer
Gan náire ......................... Without shame
D'íosfainnse thusa............ I'd eat you
An neach is scanrúla.......... The scariest creature
Leanfaidh ......................... Will follow
A chloisim ........................ I hear
Stán ................................. Stared
Theith .............................. Fled
Imeacht............................ Leave
Ag glaoch orm .................. Calling me
Scanraím an t-anam astu .................... I scare the life out of them
Anraith............................. Soup
Ar a sháimhín só............... Contentedly
Cnó .................................. Nut
Ar aghaidh leo .................. Off they went

# BEAG BÍDEACH

Sadhbh Devlin
maisthe ag Róisín Hahessy
FUTA FATA
ISBN 9781910945407




## Achoimre

Pléann an scéilín seo le caidreamh idir dheirfiúracha agus dheartháireacha óga. Cé go mbíonn Jimí ag síorimpí ar Nína spraoi leis, b'fhearr léi a bheith ag spraoi léi féin lena bréagáin. Fíoraítear a brionglóid di agus ní fada go dtagann athrú meoin uirthi. Éiríonn Nína beag bídeach agus isteach léi i dteach na mbréagán. Níl an oiread sin spraoi ag baint leis an gcomhluadar plaisteach, áfach. Teastaíonn uaithi a bheith mór millteach arís agus ritheann sé léi nach é an rud is measa é spraoi lena deartháir beag.

## Eolas faoi Shadhbh Devlin

Tá conaí ar Sadhbh Devlin i mBré, Co. Chill Mhantáin. Is blagálaí í Sadhbh a bhfuil go leor duaiseanna bainte aici. Chomh maith leis an obair sin, bíonn sí ag soláthar ábhar ceardaíochta don iris Irish Parenting, i measc go leor eile, agus is léirmheastóir í don iris Inis. Is é Beag Bídeach an dara leabhar uaithi agus tagann sé sna sála ar a céad leabhar, *Bí ag Spraoi Liom!* a foilsíodh anuraidh.

## Eolas faoi Róisín Hahessy

Bhí grá ag Róisín Hahessy, arb as Cluain Meala ó dhúchas dhi, don ealaín ó bhí sí an-óg. Tar éis di céim a bhaint amach ó Choláiste Ballyfermot, Baile Átha Cliath, chaith sí seal ag obair le graificí san earnáil teilfíse. I 2015 chroch sí a seolta go Braisíl, áit a bhfuil sí ag díriú anois ar a cuid obair mhaisiúcháin ar leabhar do pháistí. Tá Róisín mar bhail den Bright Agency agus is é Beag Bídeach a céad leabhar le Futa Fata.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Breathnaigh ar an gclúdach agus cuir aithne ar Nína, Jimí, Tim, Neilí agus Neilí-Eile.
2. Oscail na leathanaigh seo a leanas: 1, 3 agus 6. Cad a tharlóidh sa scéal seo?
3. Léigh an blurba ar chúl an leabhair. An raibh an ceart agat?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Ar leathanach 1 agus 3 abair an méid a deir Nína i nglór crosta.
2. Ar leathanach 4 abair an méid a deir daidí i nglór cineálta.
3. Ar leathanach 6, déan na geaitsí le Nína agus í ag iarraidh a bheith beag bídeach. Abair 'beag bídeach' faoi chúig ag éirí níos ciúine gach uair.
4. Oscail leathanaigh 11 agus 12. Tá Nína ag iarraidh rud a ól agus a ithe. N'fheadair cad a tharlóidh?
5. Oscail leathanaigh 21–22. Déan na geaitsí le Nína agus í ag iarraidh a bheith mór millteach arís. Abair 'mór millteach' faoi chúig ag éirí níos glóraí gach uair.

## Tar éis duit é a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Oscail an leathanach deireanach agus féach ar na pictiúir agus an scéal droim ar ais. Inis an scéal 'malartach'.
2. Cad a tharlaíonn? Tá Nína agus Jimí sona sásta le chéile. Tá Nína mór. Anois tá sí beag bídeach. Tá Nína agus Jimí ag troid.
3. Léigh lgh 1–3 arís ach an uair seo, malartaigh na róil. Tá Nína ag iarraidh spraoi le Jimí. Tá Jimí ag iarraidh spraoi leis féin.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Oscail an chéad leathanach, sula dtosaíonn an scéal. Línigh bolgán smaointeoireachta ar phíosa páipéar agus cuir é os cionn Jimí. Scríobh isteach an méid atá in aigne Jimí.
- Oscail leathanach 21. Línigh bolgán smaointeoireachta ar phíosa páipéar agus cuir é os cionn Nína. Scríobh isteach an méid atá in aigne Nína.
- Oscail leathanaigh 9–14. Lig ort go bhfuil Jimí i dteach na mbréagán seachas Nína. Cad a tharlóidh?
- Chun teacht ar cheisteanna, áiseanna agus ghníomhaíochtaí eile, téigh go dtí https://www.futafata.ie/image/catalog/PDF/Activity%20Pack%201%20Beag%20Bideach.pdf
- Brú anseo síos chun féachaint ar an leabhar *Beag Bídeach* á léamh os ard ag Póilín Uí Ghallachóir: https://youtu.be/6WNdmM9DKSM

# GLUAIS

Níl mé ag iarraidh............. I don't want

Caithfimid réiteach ........... We must get ready

Ag cleachtadh ................... Practising

Spraoi............................... Play

Ní thuigeann sé ................. He doesn't understand

Beag bídeach .................... Tiny

Ní ligeann Jimí dom .................. Jimí doesn't leave me alone

Ba mhaith liomsa bheith.... I would like to be

Go mbeinn abálta ............. That I would be able to

Dul chun cónaithe ............ Go and live

Teach babóige.................... Doll's house

Go daingean ...................... Tightly

De chogar.......................... Whispered

Ar aghaidh linn!................. Here we go!

Folach bíog........................ Hide and seek

Tart .................................. Thirst

Deoch ............................... Drink

Sconna .............................. Tap

Léifidh mé......................... I will read

Fíorleabhar........................ Real book

Breathnóimid .................... We will watch

Déanach ............................ Late

Róthrom............................ Too heavy

Anonn is anall ................... Back and forward

Go guagach ....................... Unsteadily

I mullach a chéile .............. In a pile together

Torann ............................... Noise


Mór millteach.................... Huge

Fíoráthas ........................... Joy

# MÍP

Máire Zepf
maisithe ag Paddy Donnelly

FUTA FATA
ISBN 9781910945582




## Achoimre

Is í Míp an róbat is cliste dá ndearnadh riamh. Tá sí á seoladh go Mars, le fáil amach an bhfuil eachtráin ina gcónaí ann. Tógann sí go leor pictiúr ann agus cuireann ar ais chuig an Domhan iad, ach cá bhfuil na heachtráin? Ansin, tarlaíonn tubaiste. 'Tá Míp bhocht réidh,' a deir na heolaithe. Ach an bhfuil?

## Eolas faoi Máire Zepf

Is as Ard Mhic Nasca, lámh le Béal Feirste i gContae an Dúin, don scríbhneoir agus aistritheoir Máire Zepf. Ceapadh í mar an gcéad Chomhalta le Scríbhneoireacht do Pháistí in Ionad Seamus Heaney, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste in 2017. I measc na mbunleabhar atá scríofa aici tá *Ná Gabh Ar Scoil!* a ainmníodh ar Liosta Onóracha Idirnáisíunta 2018 IBBY. Tá an leabhar sin aistrithe go Cóiréis, go Briotáinis, go Sínis, go Turcais agus go Béarla Mheiriceá.

## Eolas faoi Paddy Donnelly

Maisitheoir Éireannach é Paddy Donnelly a bhfuil cónaí sa Bheilg air. Tá cúlra aige sa dearadh grafach agus i gcruthú aipeanna iOS do pháistí, faoin mbranda Wee Taps.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Cad a ritheann leat nuair a fhéachann tú ar chlúdach an leabhair? Cén cineál scéil atá sa leabhar seo, an gceapann tú?
2. An gcuireann sé aon leabhar eile nó scannán nó clár teilifíse i gcuimhne duit?
3. An bhfuil a fhios agat cad is brí le 'Míp'? Mura bhfuil, ná bí buartha. Tabhair buille faoi thuairim.
4. Cad iad na focail atá ar eolas agat a bhaineann leis an spás? (As Gaeilge nó as Béarla). Déan liosta díobh.

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Cad a cheapann tú faoi thús an scéil? An bhfuil fonn ort tuilleadh a léamh?
2. Cén fáth a bhfuil Míp ag dul go Mars?
3. Cad a aimsíonn Míp ar Mhars?
4. Cén fáth a bhfuil na heolaithe bródúil as Míp?
5. Cad a dhéanann Míp nuair a thosaíonn a cuid páirteanna ag briseadh?
6. Cén tubaiste a tharlaíonn?
7. Cén fáth a bhfuil brón ar na heolaithe?
8. Cad a shábhálann Míp sa deireadh?

## Agus an scéal léite agat

1. Ar thaitin an scéal leat? Cén fáth?
2. An bhfuil sé fíor nach bhfuil eachtráin ar bith ar Mhars?
3. Cad a tharlóidh do Mhíp anois, meas tú?
4. Cén leathanach is fearr leat sa leabhar? Cén fáth?
5. Seinneann na heolaithe amhrán grá do Mhíp. Cé na hamhráin ghrá atá ar eolas agat? (I dteanga ar bith)

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. An mholfá do dhaoine eile an leabhar seo a léamh? Cén fáth?
2. Cad a cheap tú de na léaráidí (pictiúir) sa leabhar?
3. Úsáidtear an líne chéanna cúpla uair sa leabhar seo: 'Ní raibh eachtrán le feiceáil in áit ar bith'. An raibh líne mar sin i leabhar ar bith a thaitin leat nuair a bhí tú beag? Cén fáth a n-úsáidtear loinneoga mar sin i leabhair do pháistí, an gceapann tú?
4. Ar léigh tú leabhar as Gaeilge riamh roimhe? Cad a thaitin nó nár thaitin leat faoi bheith ag léamh as Gaeilge?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Dá mbeadh eachtráin ann ar Iúpatar chomh maith, cén chuma a bheadh orthu? Tarraing pictiúr.
- Dá mbeadh róbat agaibh sa bhaile, cén obair tí a dhéanfadh sé? Cén t-ainm a thabharfá ar do róbat baile?
- Tá go leor uirlisí ag Míp ar nós ceamara agus léasair. Smaoinigh: cé na huirlisí a bheadh ag róbat baile? Tarraing pictiúr de do róbat baile agus dá uirlisí.
- Coimeád bruscar cairtchláir nó plaisteach (boscaí, buidéil srl) agus déan róbat nó eachtrán as. Déan cinnte go bhfuil an bruscar glan!

### Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Samhlaigh gur iriseoir thú do Nuachtán Mharsa. Scríobh scéal Mhíp mar a chonaic muintir Mharsa é.
- An bhfuil aithne agat ar éinne a bhíonn ag obair mar eolaí? Cuir agallamh ar an duine sin agus faigh amach cén saghas oibre a dhéanann siad.
- Dá mbeifeá i d'eolaí, cén saghas taighde ar mhaith leat a dhéanamh?
- Sa leabhar seo, tugann na léaráidí eolas breise dúinn nach bhfuil sa téacs. Scríobh scéal ina n-insíonn na léaráidí gné eile den scéal.
- Tá go leor focal a bhaineann leis an spás agus leis an eolaíocht sa leabhar seo. Cuir gluais le chéile chun cuidiú le léitheoirí nach bhfuil na focail sin ar eolas acu.

# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- An bhileog shaothair 'Tarraing Míp' ó Futa Fata: https://www.futafata.ie/image/catalog/Sample%20Pages/mip_download_for_futafata_website%20-%20Copy.pdf
- Liosta léitheoireachta Leabhair Pháistí Éireann Seachtain na Gaeilge Aois 0–12: https://childrensbooksireland.ie/our-recommendations/seachtain-na-gaeilge-juniors
- Scéal eile faoi róbat: *Boot: small robot, BIG adventure* le Shane Hegarty agus Ben Mantle. Nó léigh an chéad leabhar eile mar gheall ar Mhíp féin: *Míp agus Blípín* (Futa Fata 2022).
- Leabhar faisnéise faoi bheatha ar phláinéid eile: *Is There Anybody Out There?* le Dara Ó Briain
- Brú anseo síos chun féachaint ar an leabhar *Míp* á léamh os ard ar Kayla Reed: https://youtu.be/dA6DAJT1eYw

# GLUAIS

Na heolaithe...................... The scientists

An-ghnóthach ................... Very busy

Róbát spáis........................ Space robot

Scleondar .......................... Excitement

Taisteal ............................. Travel

Eachtráin........................... Aliens

A chuardach ...................... To find

D'ardaigh........................... Rose (Past tense of rise)

Cróga ............................... Brave

Shroich............................. Reached

Reoite .............................. Frozen

Domhan ........................... Earth

Phléasc............................. Exploded

Tuairiscí............................ Reports

Tógtha léi ......................... Admired her

Féiníní.............................. Selfies

Go bródúil ......................... Proudly

Gan staonadh, gan stad ..... Relentlessly

Grianchóras....................... Solar System

Níos dícheallaí................... More hardworking

Rothaí .............................. Wheels

Thiomáin .......................... Drove

Níos fadálaí ....................... More slowly

Sheachain......................... Avoided

Aeróg stiúrtha .................. Steering aerial

Droim ar ais ..................... Backwards

Misneach.......................... Bravery

Tubaiste............................ Disaster

Réab................................. Tore

Néalta móra deannaigh ..... Giant clouds of dust

Grianphainéil .................... Solar panel

Cadhnraí .......................... Batteries

Tost ................................. Silence

Teagmháil ......................... Contact

Teachtaireachtaí ................ Messages

Sheinn.............................. Played (as in music)

Deora ............................... Tears

Imithe go deo .................... Gone forever

Choíche............................ Ever

Cuimhneoidh..................... Will remember

Amharcfaidh ..................... Will look

Athmhúscailte ................... Reawakened

Glór ................................. Voice


Creidiúint.......................... Believe

Mhair ............................... Survived

# Bliain na nAmhrán

**Tadhg Mac Dhonnagáin**
**maisithe ag Jennifer Farley,**
**Brian Fitzgerald, Tarsila Krüse agus**
**Christina O'Donovan**

FUTA FATA
ISBN 9781910945216




## Achoimre

Spreagtha ag na ceithre shéasúr, sonraíonn an teideal seo idir na seanamhráin agus rainn is ansa agus amhráin nua-chumtha ag Tadhg Mac Dhonnagáin. Rinneadh taifead ar *Bliain na nAmhrán* i gConamara agus tugann sé príomhpháirt do dhaltaí ó Scoil Sailearna, Indreabhán, Co na Gaillimhe. Ag canadh chomh maith, tá Tadhg Mac Dhonnagáin agus an t-amhránaí cáiliúil sean nós, Caitlín Ní Nualláin, a bhuaigh Corn Uí Riada 2016.

Tugann ceathrar ealaíontóirí éagsúla léargas uathúil ar gach ceann de na ceithre shéasúr. Preabann Christina O'Donabhan muid isteach san Earrach lena palette pastal úr, tógann Brian Fitzgerald muid trí laethanta geala an tSamhraidh. Cuireann Tarsila Krüse laethanta úrbhriosca an Fhómhair in iúl go cluthar dúinn sula chlúdaíonn Jennifer Farley go deas teolaí sinn do laethanta fada an Gheimhridh.

## Eolas faoi Tadhg Mac Dhonnagáin

Tá Tadhg Mac Dhonnagáin ar thús cadhnaíochta cheol do pháistí i nGaeilge le breis is fiche bliain. I measc na dteideal ceoil agus rann is mó díol roimhe seo tá *Gugalaí Gug,* a tugadh an Irish Gold Disc dó i 2011 agus *Peigín Leitir Móir*, bailiúchán amhrán traidisiúnta a bhfuil an móréileamh céanna air.

## Faoin na Maisitheoirí

Tá Jennifer Farley, maisitheoir agus dearthóir, ina cónaí in Éirinn. Maisíonn sí leabhair do pháistí, léarscáileanna, feidhmchláir, graificí do láithreáin ghréasáin agus ócáidí poiblíochta. Tá a cuid oibre gealdaite le blas reitreo lár na haoise agus daba d'uigeacht sheanpháipéir.

Maisitheoir is ea Brian Fitzpatrick atá lonnnaithe i mBaile Átha Cliath agus is céimí é de chuid an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha. Baineann sé feidhm as léaráidí troma uigeacha agus comhdhéanaimh láidre graifeacha chun a chuid smaointe a shainiú agus cur in iúl.

Tá Tarsilla Krüse ó São Paulo, Brazil, ó dhúchas. Maisitheoir is ea Tarsila Krüse atá lonnaithre in Éirinn, Tá a cuid oibre dírithe ar charachtair agus léirítear tionchar chaidrimh laethúil agus rian meidhreach agus croíúil inti.

Is maisitheoir agus déantóir leabhar pictiúr Christina O'Donovan agus tá sí lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. An bhfuil an clúdach deas?
2. Cé tá ann? An bhfuil siad sásta? An bhfuil na ceithre shéasúr ar an chlúdach?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

### *Leathanaigh 1–11 'An tEarrach'*

*Síolta Beaga*

An bhfuil tú abalta rudaí a fhásann i rith an Earraigh as síolta beaga gach bliain a ainmniú?

*Cá Cá Cá*

An bhfuil ceol binn ag préacháin? Cén fáth, dar leat, go bhfuil nó nach bhfuil ceol binn acu? An bhfuil ceol níos binne ag éan eile?

Cad iad na téamaí san amhrán seo? (Grá, clann, etc.)

*Rince Rince Rince*

Cad a tharla san amhrán seo? An bhfaca tú uain ag rince trí na páirceanna i rith an earraigh roimhe?

An raibh spraoi acu? An bhfaca tú ainmhithe eile ag rince i rith an earraigh?

*Péisteogaí*

An bhfuil ocras ort nuair a léann tú an t-amhrán seo? An gceapann tú go bhfuil péisteanna blasta (le citseap b'fhéidir)? Cad é an béile is fearr leatsa a ithe?

*Slán Leis an Earrach*

An bhfuil an t-amhrán seo dóchasach, brónach nó áthasach? Cén fáth dar leat? An bhfuil íomhánna deasa le fáil i bhfocail an amhráin? Cad iad na híomhánna deas?

### *Leathanaigh 12–23 'An Samhradh'*

*Fáinleog mé*

An bhfuil móran ar eolas agat faoi fáinleoga? Cá as a thagann siad? Cén fáth go bhfuil siad in Éirinn gach samhradh? An mbíonn turas fada acu? Cad iad na radharcanna a bhíonn acu nuair a bhíonn siad ag eitilt dar leat?

*Gorm Gorm Gorm*

An dtéann tú chuig an trá gach samhradh? Cad iad na rudaí is fearr leat a dhéanamh nuair a bhíonn tú ann? An itheann tú rud ar bith deas ann chomh maith?

*Ceol na Cuaiche*

An bhfuil turas fada ag an chuach gach bliain? Cá as a thagann siad dar leat? Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn siad anseo i rith 'An Samhradh'? Ar chuala tú 'cuc-cú' roimhe nuair a bhí tú amuigh faoin tuath? An gceapann tú go go bhfuil sí cliste mar níl sí abálta a nead féin a dhéanamh? Cén fáth?

*An Béar Bán Brónach*

An bhfuil an béar seo sásta a bheith amuigh faoin ghrian i rith 'An Samhradh'? Cén fáth? Bíonn páistí ag ithe uachtar reoite ag an zú. An dtaitníonn uachtar reoite leat nuair a bhíonn sé te (nó am ar bith eile)? Cén sórt blas uachtar reoite is fearr leatsa? Nuair a bhíonn daoine ag zúnna cén sórt ainmhithe a bhíonn ann? Cén sórt béar atá i gceist san amhrán seo?

*Is Mise an Bheach*

An bhfuil an t-amhrán seo áthasach? An bhfuil an bheach gnóthach? Cén fáth? An dtaitníonn mil leat? Cad a chuireann daoine mil air nuair a bhíonn siad ag ithe?

### *Leathanaigh 24–35 'An Fómhar'*

*Válsa Fómhair*

An bhfuil tú abálta a bheith ag válsa? Cad iad na dathanna is láidre san amhrán 'Válsa Fómhair'? Tá páistí ag bailiú sméara dubha. An bhfuil siad abálta rudaí a chruthú as na sméara dubha blasta? Cén sórt rudaí? Cén fáth go bhfuil brat duilleog ar an talamh? Cad a dhéanann na hioraí i rith 'An Fómhar'?

*Ní Maith Liom an Scoil!*

An bhfuil an t-amhrán seo greannmhar? Cén fáth? An bhfuil aon véarsa níos greannmhaire ná véarsaí eile? Cé acu agus cén fáth? An bhfuil tú cosúil leis an múinteoir san amhrán seo ar maidin nó cosúil leis na páistí?

*An Afraic Ar Feadh Seal*

Táimid ar ais leis na fáinleoga; cad atá siad ag déanamh san amhrán seo? Cén fáth? Cad atá críochnaithe anois san amhrán? An mbeidh turas fada acu arís? Cá bhfuil siad ag dul? An mbeidh siad ar ais arís?

*Tomás An tIora Rua*

An bhfuil sé in am luí don iora rua Tomás? Cá fhad a bheidh sé ina chodladh dar leat? An bhfuil sé compordach?

An bhfuil fadhb aige? Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn fadhbanna agat ag dul a chodladh?

### *Leathanaigh 36–47 'An Geimhreadh'*

*Ag Siúl*

An bhfuil tú abálta an fuacht a mhothú nuair a léann tú an t-amhrán seo? An bhfuil éadaí teo agatsa don gheimhreadh freisin?

*Ná Dúisigí*

An bhfuil a fhios agat cé acu de na hainmhithe a chodlaíonn i rith an Gheimhridh? An bhfuil siad compordach dar leat? Ar mhaith leatsa a bheith i do chodladh ar feadh an gheimhridh ar fad?

*Sneachta*

An bhfuil rud ar bith eile 'chomh fuar le huachtar reoite'? An maith leat sneachta a fheiceáil amuigh ar maidin? Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn sé ag cur sneachta?

*Nollaig Shona*

Cén fáth go raibh Mamaí fia ag rá go raibh sé in am luí d'Oisín? Cé atá ag teacht? Ar mhaith le hOisín a bheith ag eitilt mar na réinfhia eile ag Dadaí na Nollag? Nuair a bhíonn tú ag dul a chodladh ar Oíche Nollag an mbíonn sceitimíní ortsa?

*Imíonn an tAm*

Tá ceist ag an gcailín óg dá Daid. An mbíonn ceisteanna agat go minic cosúil leis an chailín óg? Cén sórt ceisteanna a bhíonn agat? An gcuireann tú na ceisteanna ar do thuismitheoirí mar sin? An raibh freagra a hathar san amhrán seo go maith? Cén fáth?

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE


- An féidir leat cosúlachtaí nó difríochtaí idir stíl na maisitheoirí a thabhairt faoi deara? An raibh siad oiriúnach do gach amhrán? Cad é do thuairim faoi na dathanna? An gceapann tú go bhfuil siad maith mar mhaisitheoirí?

- Ar mhaith leat rud a tharraingt mar mhaisitheoir anois? Más ea, bain úsáid as amhrán as an leabhar nó smaoinigh ar rudaí a tharlaíonn i rith na ceithre shéasúr.

- Tá gach amhrán ar an CD leis an leabhar seo freisin. Ar éist tú leis na hamhráin? Cad a cheapann tú futhu? Cad é an t-amhrán is fearr leatsa? Cén fáth? Ar mhaith leat nuair iad a chanadh anois? Ar mhaith leat d'amhrán féin a chumadh anois, mar a rinne Tadhg Mac Dhonnagáin?

- Cad a cheapann tú faoin leabhar go hiomlán? An raibh na léaráidí go maith? An raibh sé go hiontach a bheith abálta na hamhráin a léamh sa leabhar agus iad a chloisteáil ar an CD ag an am céanna? An bhfuil tú abálta an leabhar agus an CD seo a úsáid mar fhoinsí inspioráide chun amhráin agus léaráidí faoi na ceithre shéasúr a chumadh freisin?

# CLUASA CAPAILL AR AN RÍ




**Bridget Bhreathnach**
**maisithe ag Shona Shirley Macdonald**

FUTA FATA
ISBN 9781910945605

## Achoimre

Is athinsint atá sa leabhar seo ar scéal béaloidis faoi bhuachaill óg a thagann ar an saol le tréith aisteach, iontach ag baint leis: cluasa capaill! Ní raibh a thuismitheoirí ag súil leis seo ar chor ar bith agus déanann siad a seacht ndícheall chun na cluasa seo a choinneáil faoi rún. Iompraíonn Labhraí an rún mór seo le linn a shaoil agus foghlaimíonn sé gur trom an t-ualach é.

## Eolas faoi Bridget Bhreathnach

Is údar agus colúnaí í Bridget a rugadh i Nua-Eabhrac is a tógadh i Ros Muc, i gConamara. Tá dhá leabhar scríofa aici don aos óg atá foilsithe ag Futa Fata; *Lúlú agus an Oíche Ghlórach* a mhaisigh Steve Simpson agus *Ní Mise a Rinne É!* a mhaisigh Donough O'Malley. Tá a cuid leabhar aistrithe go Sínis agus Téalainnis agus tá fáil chomh maith orthu i nGaeilge na hAlban. Bronnadh Gradam Réics Carló, Leabhar na Bliana don Óige, ar *Cluasa Capaill ar an Rí*.

## Eolas faoi Shona Shirley Macdonald

Is i bPort Láirge atá Shona Shirley Macdonald lonnaithe ach is as Albain ó dhúchas di. I measc na leabhar atá maisithe aici tá an t-úrscéal grafach i nGaeilge na hAlban *An Smutag Ghaisgeil*, agus *The Moon Spun Around*, cnuasach filíochta le W.B. Yeats (The O'Brien Press, 2016). Roghnaíodh íomhánna as an leabhar céanna do thaispeántas an Illustration Bienniel i mBratasláiv na Slóváice an bhliain chéanna. Bronnadh Gradam Réics Carló, Leabhar na Bliana don Óige, ar *An Féileacán agus an Rí* in 2020 agus ar *Cluasa Capaill ar an Rí* in 2021.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Ar chuala tú an scéal seo cheana féin? Cad a tharlaíonn ann? Faigh tuairimí ó chúpla duine sa rang agus féach an bhfuil na leaganacha éagsúla cosúil nó difriúil lena chéile?
2. Léigh an cur síos a rinne an t-údar ar an athinsint seo. Cé na tíortha inar insíodh an scéal seo?
3. Sula bhféachann tú ar chlúdach an leabhair agus sula n-osclaíonn tú an chéad leathanach, cas an leabhar thart agus léigh an blurba. Cad a bheidh ar an gclúdach, meas tú? Cén chuma a bheidh ar an bpríomhcharachtar? Breathnaigh ar an gclúdach anois. An raibh an ceart agat?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Lch 4. Cén fáth a raibh ar Labhraí bearradh gruaige a fháil? An cuimhin leat an uair dheireanach a fuair tú féin bearradh gruaige?
2. Lch 6. Cuireann an ceol dea-spion ar Labhraí. Roghnaigh ceol deas le cur ar siúl sa chúlra agus an chuid seo den scéal á léamh agat.
3. Lch 8. Conas a choinnigh Labhraí a chluasa suimiúla faoi rún?
4. Lch 9. Feiceann slua an bearbóir ag sleamhnú isteach sa chaisleán. Cé air a bhfuil siad ag cuimhneamh? Línigh bolgán smaointeoireachta os a gcionn agus scríobh amach a dtuairimí.
5. Lch 12. Cén fáth nach bhfuil Eala ag iarraidh ligean dó gruaig Labhraí a bhearradh? Lig ort gur tusa Eala agus impigh ar an rí do mhac a ligean saor ón obair seo.
6. Lch 14. Cén ghealltúint a thugann Mártan? An mbeidh sé in ann í a choinneáil?
7. Lch 16. Cad a thugann Mártan faoi deara faoin rí anois? An bhfuil áthas nó fearg nó eagla air?
8. Lch 18. Éiríonn le Mártan dul abhaile. Féach go mion ar na comharthaí sa choill. Cum seoladh baile Mhártain.
9. Lch 20. Tá an rún mór ag cur isteach ar Mhártan. Línigh bolgán brionglóide agus cuir isteach na rudaí ar fad atá ag rith trína cheann.
10. Lch 22. Réitíonn Eala oideas luibhe do Mhártan. Scríobh amach liosta de na comhábhair a bheidh ann.
11. Lch 24. Smaoiníonn Mártan ar an ngeallúint a thug sé. Cén t-athrú beag a dhéanann sé anois maidir leis an ngeallúint?
12. Lch 26. Conas a mhothaíonn Mártan tar éis dó an rún a scaoileadh?
13. Lch 28. Ach conas a mhothaíonn Labhraí Loingseach anois tar éis do Mhártan an rún a scaoileadh? Cén bhrionglóid a bhíonn aige?
14. Lch 30. Cloiseann Craiftine ceol álainn sa choill. Roghnaigh píosa ceoil le cur ar siúl sa chúlra agus é ag siúl sa choill.
15. Lch 32. Tá Labhraí in ísle brí anois. Cad atá ag cur isteach air?
16. Lch 34. Baintear geit as na daoine nuair a fheiceann siad an chuma atá ar Labhraí. Lig ort go bhfuil tú ag breathnú air mar chuid den slua. I gcogar leis an duine in aice leat, déan cur síos ar na smaointe a ritheann leat.
17. Lch 35. Tosaíonn an chláirseach ag canadh! Can in éineacht léi agus can amach é níos airde gach uair: *Tá dhá chluas capaill ar Labhraí Loingseach! Tá dhá chluas capaill ar Labhraí Loingseach!*
18. Lch 36. Tá Labhraí réidh leis an bhfírinne a insint! Sula n-iompaíonn tú an leathanach, smaoinigh ar an méid a déarfaidh sé leis an slua.
19. Lch 38. Conas a mhothaíonn Labhraí anois tar éis dó an rún a scaoileadh?

## Agus an scéal léite agat

1. Téigh siar ar leathanaigh 26–28. Cén t-athrú a thagann ar Mhártan agus ar Labhraí nuair a scaoileann Mártan an rún? Cén fáth a bhfuil freagairt chomh difriúil sin ag an mbeirt acu?
2. An bhfuil aon cheacht le foghlaim againn ón scéal seo?
3. Cad iad na príomhdhathanna a fheiceann tú sna léaráidí? Cén fáth ar roghnaigh an maisitheoir na dathanna sin?
4. Aimsigh na trí léaráid is fearr leat den scéal. Déan fótachóip díobh agus roinn iad. Iarr ar dhuine éigin eile iad a chur san ord ceart. Ansin, iarr orthu an scéal a insint leis na trí léaráid sin.

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Cén chomhairle a thabharfá do Labhraí agus é ina bhuachaill óg?
2. Cén fáth a bhfuil cáil ar an scéal áirithe seo? Cén fáth ar insíodh é fud fad na cruinne?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Siúlóid pictiúr. Oscail an pictiúrleabhar agus téigh ar shiúlóid pictiúr tríd ar dtús. Le linn do shiúlóide, an bhfeiceann tú aon léaráid atá cosúil leis an gclúdach?
- Clúdach Nua. Téigh ar shiúlóid pictiúr arís. Roghnaigh léaráid nua ón scéal mar chlúdach.
- Sa lá atá inniu ann. Léigh an scéal arís agus an uair seo, athraigh trí rud chun an scéal a lonnú sa lá atá inniu ann. Cé na héadaí a chaithfidh na carachtair? Cá rachaidh siad?

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Bailigh cúpla scéal béaloidis eile a bhaineann le hÉireann. Féach i leabharlann na scoile agus ar na suíomhanna seo a leanas: www.duchas.ie agus www.askaboutireland.ie
- Cuir eolas ar na cineálacha scéalta atá i mbéaloideas na hÉireann, mar shampla, An Rúraíocht agus an Fhiannaíocht.
- Breathnaigh, in éineacht le duine fásta, ar léirmheasanna atá scríofa ar an leabhar: https://www.futafata.ie/cluasa-capaill-ar-an-ri-bridget-bhreathnach-shona-shirley-macdonald
- An aontaíonn tú leis na léirmheasanna sin?
- Scríobh do léirmheas féin ar an scéal. Cén rud is mó a chuaigh i bhfeidhm ort faoin scéal?


# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Breathnaigh sa leabhrán *Bímis ag Léamh* a ghabhann leis an mBosca Leabharlainne: childrenslaureate.ie. Bain triail as rap a chumadh bunaithe ar an scéal (leathanach 30).
- Leagan eile den scéal. Caith súil ar leagan eile den scéal le in éineacht duine fásta
  - Leagan Gaeilge: https://www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/talking-ebooks/scealta/an-ri-le-dha-chluais-asai/
  - Leagan Béarla: https://www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/talking-ebooks/stories/the-king-with-the-donkeys/
  - Cén leagan is fearr leat? An bhfuil aon rud sa leagan *Cluasa Capaill ar an Rí* nach bhfuil sna leaganacha digiteacha seo?

# MÓR AGUS MUILC

**aithriste ag John Óg Hiúdaí**
**Neidí Ó Colla**
**maisithe ag Kim Sharkey**

ÉABHLÓID
ISBN 978099561193




## Achoimre

Scéal béaloidis é seo a d'aithris John Óg Ó Colla do Dhónall Ó Cnáimhsí as Gaoth Dobhair agus é ina pháiste. Tá an scéal maisithe go gleoite ag Kim Sharkey. Leabhar pictiúr é seo atá bunaithe ar ramás traidisiúnta Gaeilge. Cuireann sé síos ar bheirt charachtar shamhailteacha, Mór agus Muilc, agus na heachtraí a bhíonn acu i ndiaidh dóibh casadh le portán ar an trá. Ceapann Mór agus Muilc gurb é an bás atá sa phortán agus imíonn siad ina rith le heagla. Casann siad le cuid mhór carachtar ag teitheadh dóibh agus imíonn siad mar ghrúpa ag rith ón phortán. Is ramás simplí siamsúil é a thaitníonn le páistí óga. Tá an obair ealaíne thar cionn agus beidh meas mór ag páistí ar na carachtair dhaite atá ar fud an leabhair. Foghlaimítear dhá cheacht ón scéal: níor cheart ligean don eagla an bhuaidh a fháil ort agus níor cheart éisteacht le gach rud a chloiseann tú.

## Eolas faoi John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla

Ba fhear mór le croí níos mó arís a bhí in John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla. Rugadh ar an Ghlaisigh i nGaoth Dobhair é sa bhliain 1918. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé dhá bhliain déag d'aois agus chuaigh sé ag obair, ag iompar earraí ón stáisiún traenach i nGaoth Dobhair go dtí an siopa a bhí cóngarach dá theach. In 1936 chuaigh sé go hAlbain le hobair shéasúrach a dhéanamh ar na feirmeacha móra ar an teorainn, agus bhí sé ar ais ina chónaí sa bhaile faoi dheireadh na 1950í. Réitigh sé go maith le páistí i gcónaí agus bhí *Mór agus Muilc* ar cheann de na scéalta a d'inseodh sé dóibh. Ní raibh a fhios aige cén áit ar chuala sé den chéad uair é – dúirt sé go raibh sé aige ó bhí sé ina pháiste. D'imigh John Óg ar shlí na fírinne in 2006.

## Eolas faoi Kim Sharkey

Tá cónaí ar Kim Sharkey lena fear céile ag bun rúidbhealaigh ar chósta thiar-thuaidh Dhún na nGall, lena dtrí ghabhar, trí chat agus a madra, Rosie. Ina stiúideo ansin bíonn sí ag maisiú, ag déanamh obair bheochana, ag péintéireacht agus ag gabháil den chriadóireacht. Faigheann sí spreagadh dá saothair ón fhiadhúlra flúirseach atá sa cheantar agus ó scéalta iontacha an bhéaloidis atá fite fuaite sa taobh sin tíre agus atá mar dhlúthchuid de mhuintir na háite.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Oscail an leabhar sa dóigh is gur féidir leat an íomhá ar fad ar an chlúdach cúil agus ar an chlúdach tosaigh a fheiceáil. An féidir leat an cruth mór glas a dhéanamh amach? Cad é atá ann dar leat?
2. Anois oscail an clúdach agus amharc ar na bileoga ceangail. Cá bhfuil an scéal suite dar leat, bunaithe ar na híomhánna sin?
3. Amharc ar ainm an scéalaí. An dtugann sé eolas faoi leith duit faoin scéalaí?
4. Ar deireadh, léigh an blurba. Ar léigh tú scéal carnach roimhe? (Mar shampla, Henny Penny nó Sicín Licín.)

## Tar éis duit an scéal a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Ar chuir deireadh an scéil iontas ort?
2. An raibh cuid ar bith den fhoclóir sa scéal seo dúshlánach? An gcuidíonn na léaráidí leat tuiscint a fháil ar chuid de na focail seo?
3. Amharc siar ar an scéal agus ar na léaráidí – cad é an ról a bhí ag an phortán sa scéal?
4. Léigh an blurba arís. Cad é an ceacht saoil atá le foghlaim ón scéal seo dar leat? An féidir leat é a mhíniú i d'fhocail féin?

## Ceisteanna – léitheoirí níos sine

1. An bhfuil a fhios agat cén chanúint atá in úsáid sa leabhar seo? Cad iad na focail/tréithe a thugann an chanúint le fios?
2. Leanann an scéal carnach foirmle faoi leith agus bíonn athrá ann. Cad é mar a chuidíonn sé seo leis an léitheoir óg agus é/í ag léamh?
3. Léigh an t-alt le Dónall Ó Cnáimhsí (nasc thíos). Deir sé, 'John Óg, with a twinkle, would explain to the wide-eyed children gathered around him, that there was no escaping Death. Yes, child-rearing was different in the 1970s.' Cad é do bharúilse faoi na téamaí sa leabhar seo? An bhfuil siad oiriúnach do pháistí an lae inniu?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Scríobh leagan eile de dheireadh an scéil.
- Roghnaigh ceann de na carachtair sa leabhar agus inis an scéal ó dhearcadh an charachtair sin.
- Tugtar le fios ag deireadh an leabhair gurb as Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall do John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla. Cuardaigh íomhánna ar líne den chaladh ar an Bhun Bheag agus den Earagail. An féidir leat na háiteanna sin a fheiceáil áit ar bith sa leabhar? Anois déan iarracht teacht orthu ar léarscáil.

# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Tá scéalta carnacha eile ar fáil i mBailiúchán na Scol, béaloideas a bhailigh páistí scoile sna 1930í: tá leaganacha digiteacha ar fáil ag www.dúchas.ie
- Alt le Dónall Ó Cnáimhsí (nia le John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla), ag caint ar a uncail, *Mór agus Muilc* agus stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht: https://www.irishtimes.com/culture/books/yes-the-gaeltacht-is-in-a-bad-way-but-don-t-panic-yet-1.3909860
- Brú anseo síos chun féachaint ar an leabhar *Mór agus Muilc* á léamh os ard le Dónal Ó Cnaimhsí: https://youtu.be/XrsNbxBcYbY

# GLUAIS

Bairneach ........ Limpet

Thiontaigh ........ Turned over

Partán ........ Crab

Shíl ........ Believed

An bás ........ Death

D'imigh siad in a rith ........ They ran off

Seo chugat ........ Here is

'Ac a' Chailc (Mac a'Chailc) ........ Son of Chalk

Chuala ........ Heard

Chonaic ........ Saw

Shín leo ........ They stretched (strode on)

Sagart ........ Priest

Glic ........ Cunning/Sly

Muidinne ........ Us/We

Meigeadán an Átha ........ Chatterbox of the ford

Meigeadán an Mhuilinn ........ Chatterbox of the mill

Pioncás an Bhun a Bhig ........ Pincushion of Bun Beag

Madadh Ros Goill ........ Dog of Ros Goill

An Giorria Donn ........ The Brown Hare

Bearád na Feá ........ Bonnet of the Beechwood

An Gearrán Bán ........ The White Pony

Faoin am seo ........ By this time

Thuas ag barr Ghaoth Dobhair ........ Up at the head of Gaoth Dobhair

Ag bruach na Cláidí ........ On the banks of An Chláidigh (a river)

Tuile ........ Flood

Abhainn ........ River

Shocraigh siad a ghabháil suas ........ They decided to get on to

Le ghabháil trasna na habhna ........ To cross the river

Uilig ........ All

Thug siad iarraidh ........ They tried

An ghaoth ........ The wind

Róláidir ........ Too strong

Tugadh síos ........ Were taken down

Chomh gasta ........ So quickly

A shábháil ........ To save

Scuab ........ Swept

An t-iomlán dearg acu ........ The whole lot of them


Siar 'na farraige ........ To the sea

Sa deireadh ........ In the end

# Ó AM GO hAM

## Patricia Forde

FUTA FATA
ISBN 9781910945759




### Achoimre

Tá gach duine i dteaghlach Aoife gafa leis an stair – is é sin, gach duine seachas Aoife. Ní thuigeann sise cén fáth a gcaitheann a Mam an lá ar fad thuas ag an tseanmhainistir áitiúil sa tóir ar thaisce rúnda faoi thalamh. Nuair a thugann Aoife cuairt ar an tseanmhainistir chéanna i lár na hoíche, áfach, faigheann sí amach nach bhfuil an stair chomh leadránach agus a shíl sí.

Is scéal lán draíochta agus eachtraíochta é seo ó pheann Patricia Forde – ní bheidh tú in ann é a leagan uait.

### Eolas faoi Patricia Forde

Scríobhann Patricia Forde leabhair do pháistí, i nGaeilge agus i mBéarla agus scríobhann sí scripteanna teilifíse agus drámaí stáitse chomh maith. I measc na leabhar atá tagtha uaithi tá na pictiúrleabhair *Cití Cearc*, *Binjí: Madra Ar Strae*, *Mise Agus An Dragún* agus *Ná Dúisigh An Páiste!*; do léitheoirí neamhspleácha, an tsraith Lísín (ceithre theideal), agus an t-úrscéal *Ar Strae*.

Tá a saothar Gaeilge aistrithe agus foilsithe thar lear sa tSín, sa Chóiré, sa Téalainn, sa Fhrainc, sa Bhriotáin, in Albain, sa Tuirc agus san Afraic Theas.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Cé hiad na carachtair seo ar an chlúdach? Cad chuige an bhfuil siad gléasta mar seo?
2. Cé atá sna báid seo? Cá háit a bhfuil siad ag dul?
3. Cad é atá scríofa sa leabhar mór seo, meas tú?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Léigh an blurba ar chúl an leabhair.
2. Ainmnigh carachtar amháin ón scéal:
   a. Cad is brí le 'mainistir'? Bain úsáid as foclóir más gá.
   b. An síleann tú féin go bhfuil an stair leadránach?
   c. 'Is scéal lán draíochta agus eachtraíochta é seo …' Cad é a tharlóidh sa scéal, meas tú?
4. Cén post atá ag máthair Aoife, meas tú?
5. Ar léigh tú scéal stairiúil riamh roimhe?

## Le linn duit a bheith ag léamh: Ag déanamh machnaimh

1. Léigh leathanach 1–3. Nuair a bhuaileann muid le hAoife ar dtús tá argóint ar bun idir í féin agus buachaillí atá sa rang léi ar scoil. Cad a fhoghlaimíonn muid faoi phearsantacht Aoife anseo?
2. Léigh leathanach 4. An mbeifeá féin sásta oíche a chaitheamh i seanmhainistir nó reilig?
3. Léigh leathanach 7–8. Cad chuige a raibh fearg ar mhháthair Aoife?
4. Léigh leathanach 12–13. Cad é a shíleann tú a tharla d'Aoife nuair a thit sí? Cad chuige a bhfuil na manaigh seo ann anois?
5. Ar leathanach 16 deir Bráthair Macha gur bliain Seacht gCéad Nócha a Naoi (799) atá ann. Tuigeann muid anois go bhfuil Aoife i ndiaidh taistil siar san am. An gcreideann tú go bhfuil amthaisteal indéanta?
6. Léigh leathanach 20. Cad a dhéanann siad i *scriptorium* meas tú? Go minic d'úsáid na manaigh focail ón Laidin. Léigh an focal '*scriptorium*' os ard. An bhfuil an chéad pháirt den fhocal cosúil le focal ar bith i nGaeilge nó Béarla?
7. Ar leathanach 25 dúirt Aoife go raibh 'fiabhras' sa mhainistir. Cad chuige?
8. Ar leathanach 28 faigheann Éanna amach gur tháinig Aoife ón todhchaí. A síleann tú go bhfuil eagla ar Aoife anois? An mbeadh eagla ortsa?
9. Léigh leathanach 32–34. Cad chuige nár chreid na manaigh an scéal faoi na Lochlannaigh, meas tú?
10. Léigh leathanach 36. Is cuimhin linn gur luaigh máthair Aoife an phluais seo ag tús an scéil. An síleann tú go mbeidh baint ag an bpluais leis an scéal arís, agus conas sin?
11. Léigh leathanach 40–41. Shíl an Bráthair Macha gur gadaí a bhí in Aoife. Cad é a dhéanfaidh siad le hAoife anois? An dtiocfaidh na gardaí? An raibh gardaí ann ag an am seo?
12. Léigh leathanach 42–43. Breac síos dhá phointe faoi Oíche Shamhna.
13. Léigh leathanach 47. Cad é a rinne na manaigh achan Oíche Shamhna?
14. Léigh leathanach 48. Cad chuige an raibh na Lochlannaigh sa bhád chomh ciúin, meas tú?
15. Léigh leathanach 52. De ghnáth, bíonn meas ag daoine ar shéipéil. Cad chuige nach raibh meas ag na Lochlannaigh ar an séipéal, meas tú?
16. Léigh leathanach 54. Cén t-éan a chonaic Aoife sular thit sí? Cá háit eile a bhuail muid leis an éan seo sa scéal?
17. Léigh leathanach 57. Cé a tharraing an pictiúr den chailín sa leabhar?
18. Léigh leathanach 58–59. Cad chuige an raibh Aoife ar bís? An síleann tú go raibh a máthair sásta faoi seo?

## Tar éis duit an scéal a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Ar léigh tú scéal nó an bhfaca tú scannán ina raibh amthaisteal ann riamh? Ar bhain tú sult as an scéal nó an scannán seo? An mbeadh an leabhar seo go maith mar scannán?
2. Roghnaigh eachtra shuimiúil a tharla sa leabhar agus déan cur síos ar an imeacht seo.
3. Tuigeann muid gur tháinig Éanna slán ón ionsaí mar go bhfaca Aoife pictiúr a tharraing sé i Lámhscríbhinn Uí Néill ag deireadh an scéil. Tarraing do phictiúr féin a bheadh fóirsteanach do chlúdach *Ó Am go hAm*.
4. An bhfuil níos mó suime agat sa stair anois mar gheall ar an leabhar seo?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE


- Bhí mainistreacha ar fud na tíre uair amháin. An raibh mainistir i do cheantar nó do chontae féin? Mura bhfuil tú cinnte, cuir ceist ar do mhúinteoir nó tabhair cuairt ar do leabharlann áitiúil agus cuir ceist ar an leabharlannaí.
- Ag Meamram Páipéar Ríomhaire – www.isos.dias.ie – tá cóipeanna de lámhscríbhinní ar fáil ar líne. Roghnaigh ceann ar bith agus dean iarracht í a léamh. An bhfuil sé dúshlánach? Déan iarracht callagrafaíocht a dhéanamh le litir amháin cosúil leis na cinn atá déanta ag tús achan chaibidil in *Ó Am go hAm*.
- Tháinig na Lochlannaigh ón thíortha i gCríoch Lochlann – An Iorua, An tSualainn agus An Danmhairg. Roghnaigh tír amháin agus déan taighde ar an tír seo. Cén teanga a labhraítear anseo? Cad é príomhchathair na tíre sin? Tarraing bratach na tíre.
- Scríobh Patricia Forde an leabhar seo. Tabhair cuairt ar a suíomh idirlín. Roghnaigh leabhar amháin eile atá scríofa aici a shíleann tú a bheadh suimiúil. Cén cheist a chuirfeá ar an údar faoin leabhar seo?

# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Éist leis na húdair Patricia Forde agus Áine Ní Ghlinn agus iad ag labhairt mar gheall ar a dtaithí féin ag scríobh leabhar Gaeilge do pháistí: https://podcasts.apple.com/il/podcast/conas-a-deirtear-wonderfest-as-gaeilge/id1586519340?i=1000541079907

# AR STRAE

**Patricia Forde**
**maisithe ag John White**




FUTA FATA
ISBN 9781910945513

## Achoimre

Seo scéal cumhachtach chun saol an teifigh a iniúchadh. Tagann Nizar agus a mhuintir go hÉirinn ón tSiria. Níl a athair leo agus tá Nizar mar fhear an tí anois go dtí go dtagann sé ar ais. Tá siad ina gcónaí in óstán agus tá a lán rialacha ann, dar le Nizar. Tugann an scéal fíorspléachadh ar an gcineál saoil a bhíonn ag teifigh. Tugann sé léargas dúinn ar a dtaobhsa den scéal. Más rud é go bhfuil tú ag iarraidh léargas ar shaol na dteifeach nach bhfuil ródhomhain ná dorcha, is leabhar iontach é seo.

## Eolas faoi Patricia Forde

Tá Patricia Forde ag cur fúithi i nGaillimh. Tá seal caite aici mar mhúinteoir bunscoile agus mar stiúrthóir ar Fhéile Ealaíon na Gaillimhe go dtí seo. Scríbhneoir cumasach atá inti a bhfuil idir dhrámaí agus shraitheanna teilifíse scríofa aici thar na blianta. Tá raidhse leabhar do léitheoirí óg tagtha óna peann chomh maith, leabhair Bhéarla agus Ghaeilge. Pléann a scéalta le carachtair óga a thugann faoi dhúshlán go cróga, idir fhoghlaí mara óg ag iarraidh í féin a chur in iúl ina saol scoile sa tsraith Lisín, agus madra a chaithfidh a bhealach a dhéanamh i gcathair nua sa phictiúrleabhar *Binjí ar Strae*. Is é *Ar Strae* an leabhar Gaeilge is deireanaí uaithí, leabhar a théann i ngleic le fiorshaol comhaimseartha páistí óga atá ag maireachtáil i gcóras an tSoláthair Dhírigh.

## Eolas faoi John White

Rugadh John White i Learpholl. Is maisitheoir ildánach é a bhfuil saothair cruthaithe aige in an-chuid réimsí, beochan, dearadh digiteach agus pictiúrleabhair ina measc. Cumann sé saothair ealaíne do chluichí ríomhaireachta, do nuachtáin agus don teilifís. Tá an-spéis aige i ngreannáin agus tá tionchar ag sin ar an gcineál líníochta a dhéanann sé. Is ball é de Illustrators Ireland le fada an lá. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin maisitheoir ar a shuíomh idirlín: http://johnwhiteillustrator.com/

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Cé atá ar an gclúdach seo? Cé atá ar strae?
2. An ndeachaigh tusa riamh ar strae? Conas a mhothaigh tú?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Léigh an blurba ar chúl an leabhair. Aimsigh an tSiria ar an léarscáil. Le tacóid ghorm cuir píosa olla idir sin agus Éire chun turas Nizar a léiriú.
2. Cé hé sin ar chúl an leabhair? Cén fáth a bhfuil an madra leis, meas tú?
3. Breathnaigh ar chlár an leabhair. Cén áit ina dtosaíonn an leabhar? Cén t-ainmhí a mbuailtear linn sa scéal? An bhfuil timpiste nó eachtra mhór ann ag deireadh an scéil? Cén dóigh a bhfuil a fhios agat?
4. Breathnaigh ar shuíomh idrlín an mhaisitheora: johnwhiteillustrator.com. Cad a cheapann tú faoina shaothar? Tóg sracfhéachaint ar an leabhar. An bhfuil na léaráidí sa leabhar seo cosúil lena ghnáthstíl?
5. Féach ar na léaráidí do *Ar Strae* ar an suíomh idirlín. Luann sé athrú a rinne sé i léaráid amháin. Cén t-athrú a rinne sé agus cén fáth?

## Le linn duit a bheith ag léamh: Ag déanamh machnaimh

1. Léigh leathanach 2. Cén cur síos a dhéanann Nizar air féin mar theifeach?
2. Oscail leathanaigh 4–5. Léigh an liosta atá curtha le chéile ag Nizar. An bhfuil áthas air a bheith in Éirinn?
3. Léigh leathanaigh 6 agus 7. Tagann carachtar nua isteach sa scéal. Cad as ar tháinig sé? An bhfuil madra agat mar pheata sa bhaile?
4. Léigh leathanaigh 7–9. Buailimid leis an gcúramóir Seán Seoighe. Cén cineál duine é? Déan próifíl dó mar atá déanta ar an údar agus an maisitheoir ag tús an leabhair.
5. Léigh leathanach 12. Buaileann Nizar leis an madra arís. Cén chuma atá ar an madra? Cá raibh sé roimhe seo, meas tú?
6. Féach ar an bpictiúr ar leathanach 16. Cé hé sin ag bun an staighre? Cén cineál duine é, meas tú?
7. Léigh leathanaigh 19–20. Conas a thugann Nizar cabhair dá chara nua i nganfhios do na daoine eile?
8. Léigh leathanach 23. Cén dóigh a bhfuil a fhios agat go bhfuil biseach ag teacht ar Oscar?
9. Léigh leathanaigh 25–26. Faigheann Nizar amach go bhfuil Oscar i ngreim ag Seán Seoighe! Cad atá ag dul trí cheann Nizar anois? Cén plean a dhéanfaidh sé leis an madra beag a fháil ar ais?
10. Uaireanta sa scéal cloisimid an rud a deir Nizar os ard, ach chomh maith leis sin cloiseann an léitheoir an rud a deir sé i gcogar leis féin, rud nach gcloiseann aon duine eile. Féach ar leathanach 26. An bhfuil difríocht idir an méid a deir sé os ard agus an méid a deir sé leis féin?
11. Léigh an comhrá ar leathanach 28. Anois cum an méid a deir ag Nizar leis féin le linn an ama seo. An bhfuil brón air? An bhfuil aon mhothúcháin eile air?
12. Féach ar leathanach 31. Nuair a imíonn Nizar chuig an tréidlia leis an madra, faighimid amach píosa beag faoi shaol an mhadra. Breac síos trí rud thábhachtacha faoina shaol.
13. Léigh leathanach 33. Tá Oscar á choinneáil ag an tréidlia agus tá Nizar ag teacht chun cuairt a thabhairt air gach lá. An bhfuil aon chosúlachtaí idir saol na beirte seo?
14. Breathnaigh ar an léaráid ar leathanach 37. Cad atá ag tarlú ann? Cá bhfuil Seán Seoighe ag dul anois? An bhfaca tú an íomhá sin áit éigin eile?
15. Breathnaigh ar an léaráid ar leathanach 37. Ní fheadar cad a tharlóidh anois?
16. Breathnaigh ar an léaráid ar leathanach 42. Ní fheadar cad a tharlóidh anois?
17. Léigh leathanach 43. 'Bhí cuma liath ar a héadan. Bhí deacracht aici análú. Bhí a súile dúnta. Bhí sí gan aithne gan urlabhra.' Cad a tharla do Mhamaí Nizar? Cá rachaidh siad anois?
18. Léigh leathanach 47. Cén cuairteoir a thagann gan choinne chuig an ospidéal?

### Tar éis duit an scéal a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Féach ar leathanaigh 52–53. Tá buntáistí agus míbhuntáistí nua luaite ag Nizar. Cuir an liosta seo i gcomparáid leis an liosta ar leathanaigh 4–5. Cén t-athrú a tháinig ar a shaol?
2. Dialann: Léigh leathanaigh 6–10. Tarlaíonn cúpla rud suimiúil do Nizar inniu.
   Scríobh leathanach ina dhialann faoin méid a tharla dó inniu. Bain úsáid as roinnt de na túsphointí thíos.
   *- A dhialann, a chara,*
   *- Ní chreidfeá an méid a tharla inniu*
   *- Ar dtús*
   *- Ansin*
   *- Faoi dheireadh*
3. Roghnaigh eachtra mhór eile a tharla do Nizar le linn an scéil agus scríobh leathanach eile ina dhialann.
4. Féach arís ar na léaráidí go léir ón leabhar ar shuíomh John White. Cén ceann a roghnófá mar phríomhradharc an scéil?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Próifíl ar charachtar: Breathnaigh ar an bpróifíl ar an údar agus ar an maisitheoir ar an gcéad leathanach. Roghnaigh carachtar ón scéal agus scríobh próifíl dó/di leis an struchtúr céanna.
- Le duine fásta sa bhaile, faigh amach trí phíosa eolais faoin tSiria. Ansin, faigh amach trí phíosa eolais faoin Soláthar Díreach in Éirinn, ón scéal nó ón idirlíon.
- Caint agus smaointe: Léigh leathanach 26 arís. Cloisimid an méid a deir sé os ard agus an méid a deir sé go ciúin leis féin. I mbeirteanna, déanfaidh na páistí an dá chuid den reacaireacht – duine amháin ag léamh amach an méid a deir Nizar os ard, agus an duine eile taobh thiar de/di ag rá go ciúin an méid atá ina chloigeann. An bhfuil difríocht sa dá chuid cainte? Cén fáth?
- Dúshlán: Comhrá idir beirt charachtar. Léigh leathanaigh 46–47. Tagann Deaide Nizar go hÉirinn. Tá Nizar agus Deaide ag caint faoi na míonna atá imithe tharstu. Leis an eolas atá faighte agat faoin tSiria, scríobh amach an comhrá a bhí ag Deaide le Nizar faoina thuras. Leis an eolas atá faighte agat faoin gcóras Soláthair Dhírigh, scríobh amach na scéalta a bheidh ag Nizar dó faoin saol san óstán.


# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Féach ar liosta léitheoireachta de chuid Leabhair Pháistí Éireann maidir leis an téama Seas le Teifigh: https://childrensbooksireland.ie/our-recommendations/together-refugees
- Pacáiste áiseanna ó UNHCR agus Leabhair Pháistí Éireann – Ceardlann ar Leabhair a bhaineann le Teifigh: https://childrensbooksireland.ie/resources-ideas/ideas-activities-packs/unhcr-refugee-reading-workshop-resource-pack
- Breathnaigh ar shuíomh idirlín an údair: https://www.patriciaforde.ie/ Cad iad na leabhair Ghaeilge agus Bhéarla eile atá scríofa aici? An bhfuil aon cheann acu léite agat?

# DIALANN DÚRADÁIN: AN FHÍRINNE SHEARBH

**Jeff Kinney**
**aistrithe ag Máirín Nic Con Iomaire**

FUTA FATA
ISBN 9781910945537




## Achoimre

An cúigiú leabhar sa tsraith cháiliúil seo. Cheap Greg Heffley go mbeadh sé go hiontach bheith níos sine, ach níl. Tá brú nua ag baint le cóisirí tí a dtéann buachaillí agus cailíní chucu in éineacht. Tá freagrachtaí nua ar Greg agus tá sé féin ag fás agus ag athrú. Agus níl a sheanchara Rowley thart chun labhairt leis faoi seo ar fad. An mbeidh Greg in ann ag an saol nua seo as féin? Nó an mbeidh air déileáil leis an 'fhírinne shearbh'?

## Eolas faoi Jeff Kinney

Tá Jeff Kinney aitheanta mar údar mórdhíola #1 ag an *New York Times*. Tá an gradam Favourite Book bainte cúig uaire aige ag an Nickelodeon Kids' Choice Awards. D'áirigh an iris *Time* é i measc an 100 Duine ar Domhan is Mó Tionchar. Is é Jeff a chruthaigh Poptropica, a d'ainmnigh an iris *Time* i measc na 50 suíomh idirlín is fearr. Chaith sé a óige i Washington DC. agus d'aistrigh sé go New England i 1995. Tá cónaí ar Jeff, a bhean chéile agus a mbeirt mhac in Massachusetts, áit a bhfuil siopa leabhar acu darbh ainm 'An Unlikely Story'.

## Eolas faoi Máirín Nic Con Iomaire

Scríbhneoir, aistritheoir agus craoltóir í Máirín Nic Con Iomaire.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Cé hé an carachtar seo ar an chlúdach? An bhfuil leabhar eile sa tsraith seo léite agat? Ar bhain tú sult as an leabhar seo/na leabhair eile?
2. Tá an carachtar ina shuí ina aonar? An bhfuil sé sin tábhachtach? Cad chuige?
3. Cad is brí leis 'an fhírinne shearbh'?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Cad is brí leis an fhocal 'dúradán'? Bain úsáid as foclóir más gá.
2. An bhfuil do dhialann féin agat? Cad a scríobhfá i do dhialann achan lá dá mbeadh ceann agat?
3. An mbíonn na rudaí scríofa i ndialann phríobháideach nó an bhfuil cead ag aon duine dialann a léamh?

## Le linn duit a bheith ag léamh. Ag déanamh machnaimh

### Meán Fómhair

1. Déardaoin Leathanach1. Léigh leathanach 1. Cad chuige a bhfuil imní ar Ghreg?
2. Dé Sathairn Leathanach 5. Cé hé 'Brian Breá' agus cad é a dhéanann sé?
3. Dé Máirt Leathanach 8. An síleann tú go bhfuil uaigneas ar Ghreg? Cad chuige?
4. Dé hAoine Leathanach 12. Cad é a bhíonn fostóirí ag seiceáil ar líne de réir Mama?
5. Dé Céadaoin Leathanach 17. Bíonn Greg ag scríobh faoi Rowley go minic? Cad chuige, an measann tú?
6. Déardaoin Leathanach 22. Dúirt Greg go mbíonn sé ag léamh greannáin. Tá an leabhar seo cosúil le greannán mar tá a lán léaráidí ann. An maith leat féin greannáin agus leabhair le léaráidí? Cad chuige?
7. Dé Sathairn Leathanach 27. An bhfuil an ceart ag Greg go mbíonn páistí óga 'i lár an aonaigh' nó ina 'réaltaí'?
8. Dé Luain Leathanach 35. Cén míthuiscint a tharla idir Gary agus Charlene?
9. Dé Máirt Leathanach 39. Má tá Gammie nócha a cúig bliain d'aois, cén bhliain inar rugadh í?
10. Déardaoin Leathanach 45. Cad a bhíonn Mama ag scríobh?
11. Dé Domhnaigh Leathanach 52. Cén cineál dinnéara a dhéanfaidh Greg agus Rodrick réidh anois, meas tú?
12. Dé Céadaoin Leathanach 57. Déan cur síos ar cad é a tharla sa chaibidil seo.
13. Déardaoin Leathanach 60. Cad chuige nár ith Greg na ceapairí?
14. Dé hAoine Leathanach 63. Cén stíl teagaisc is fearr leat – stíl Dhaid nó stíl Mhama? Cad chuige?
15. Dé hAoine Leathanach 66. Cad a rinne na scoláirí leis na leabhair agus na nótaí?

### Deireadh Fómhair

1. Dé Máirt Leathanach 68. Cad chuige nach raibh Iníon Grove sásta Greg a íoc?
2. Déardaoin Leathanach 75. An bhfuil tú féin in ann múscailt gan aláram?
3. Dé hAoine Leathanach 78. Cad chuige nach rachadh aon duine chuig an leithreas?
4. Dé Céadaoin Leathanach 83. Cad é mar a chuir Greg dallamullóg ar Mhama?
5. Dé Sathairn Leathanach 88. Déan cur síos ar na póstaeir i seomra feithimh an fhiaclóra. An bhfuil siad scanrúil?
6. Dé Luain Leathanach 98. Cad a rinne Greg i dtigh Snella?
7. Dé Máirt Leathanach 104. Cad a rinne Altra Powell leis na huibheacha?
8. Dé hAoine Leathanach 110. Cad chuige nár dhúirt Greg le Daideo nár léigh aon duine scéal leis ó bhí sé sa naíonra, meas tú? An ndéanfá féin an rud céanna? Cad chuige?
9. Dé Sathairn Leathanach 114. Cén riail ar mhaith leat féin a bheidh ann sa bhaile?
10. Dé Luain Leathanach 118. Cad chuige a raibh náire ar Mhama?
11. Dé Máirt Leathanach 121. Déan cur síos ar an chleas a dhéanann Rodrick le Greg?
12. Déardaoin Leathanach 126. Cad é a dhéanann Manny leis na criospaí?
13. Dé Luain Leathanach 129. Cad é a ghearr Greg amach ón nóta?
14. Dé Máirt Leathanach 130. De réir Greg, cén obair a dhéanann Isabella?

**Mí na Samhna**

1. Dé Sathairn Leathanach 133. Roghnaigh eachtra ghreannmhar a tharla sa chaibidil seo. Déan cur síos ar an eachtra seo. Ar mhaith leat oíche a chaitheamh i do scoil féin? Mínigh do fhreagra. Tarraing an pictiúr is fearr leat ón chaibidil seo.
2. Dé Luain Leathanach 166. De réir Greg, cad é an t-aon rud maith faoi bheith tinn?
3. Dé Máirt Leathanach 170. Dá mbeadh ort gléasadh suas do cheann de na gairmeacha seo, cé acu a roghnófá? Cad chuige?
4. Dé Céadaoin Leathanach 174. Cad chuige a bhfuil Greg ag iarraidh dul chuig an chóisir?
5. Déardaoin Leathanach 179. An raibh ort léamh ag bainis nó searmanas riamh? Ar bhain tú sult as? An raibh tú neirbhíseach?
6. Dé Sathairn Leathanach 181. Roghnaigh duine muinteartha le Greg. Déan cur síos ar an duine seo.
7. Dé Sathairn Leathanach 204. Déan cur síos ar an chomhairle a thug Gammie do Ghreg.
8. Dé Luain Leathanach 211. Cad chuige a mbeidh Greg ag glacadh le comhairle Gammie?
9. Dé Máirt Leathanach 215. De réir Greg, cad chuige gur fiú dó a bheith cairdiúil le Rowley tamall eile?

### Tar éis duit an scéal a léamh:

### Ag smaoineamh siar

1. Déan cur síos ar Greg mar charachtar. Smaoinigh ar a thuairimí agus ar na rudaí a rinne sé i rith an scéil. Mar shampla: níor chreid Greg gur cheart do Rowley dul chuig an chóisir mar nach raibh sé féin in ann dul. Cad é a insíonn seo dúinn faoi Greg? An maith leat Greg? Ar mhaith leat Greg a bheith mar chara agat féin? Cad chuige?
2. Roghnaigh eachtra shuimiúil a tharla sa leabhar agus déan cur síos ar an imeacht seo.
3. Tá an leabhar seo éagsúil ó leabhair eile mar níl scéal i gceist. Tá sraith eachtraí ann. An maith leat sin? Cad chuige.
4. Tá lear mór leabhair eile sa tsraith seo. Ar mhaith leat leabhar eile ón tsraith a léamh? Cad chuige?

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- An maith leat na léaráidí sa leabhar seo? Pioc ceann amháin agus tarraing é.
- Tá an scéal seo suite sna Stáit Aontaithe. Roghnaigh stáit amháin agus déan taighde air.
- Scríobh Jeff Kinney an leabhar seo. Tabhair cuairt ar a shuíomh idirlín. Roghnaigh leabhar amháin eile atá scríofa aige a shíleann tú a bheadh suimiúil. Cén cheist a chuirfeá ar an údar faoin leabhar seo?


## TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Téigh go suíomh gréasáin an údair, Jeff Kinney, chun na hacmhainní saor in aisce do mhúinteoirí 'Teacher Resources' a fháil: https://wimpykid.com/downloadables/
- Téigh go suíomh gréasáin an bhunfhoilsitheora SAM chun treoir imeachta a íoslódáil: https://issuu.com/hnabooks/docs/wimpykid5eventgudie

# BOSCADÁN

**Áine Ní Ghlinn**
**maisithe ag Kirsten Shiel**

COIS LIFE
ISBN 9781912133710




## Achoimre

Tá róbó cairtchláir á chruthú ag Aoife, agus níl uaithi ach píosa spraoi. Nuair a thagann an róbó chun beatha, tosaíonn an spraoi i gceart!

Tá Boscadán an-mhaith ag baint rudaí as a chéile agus á gcur i gceart arís. Geallann sé do thuismitheoirí Aoife go ndeiseoidh sé a bhfuil briste sa teach. Ach an é sin an méid a dhéanfaidh sé?

## Eolas faoi Áine Ní Ghlinn

Is í Áine Ní Ghlinn an séú Laureate na nÓg, agus an chéad údar sa ról a scríobhann i nGaeilge amháin. An aidhm atá aici mar Laureate ná an clóca dofheictheachta a bhaint de scríbhneoireacht na Gaeilge do pháistí, agus daoine óga a spreagadh chun scíthléitheoireacht a dhéanamh as Gaeilge.

## Eolas faoi Kirsten Shiel

Is maisitheoir páirtaimseartha agus Stiúrthóir Ealaíne lánaimseartha le Brown Bag Films í Kirsten Shiel.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Tá an pictiúr ar an chlúdach cosúil le plean nó treoracha. Cad chuige a bhfuil sé seo ann, meas tú?
2. Is ainm é an focal 'Boscadán' do charachtar sa scéal. Smaoinigh ar an chéad pháirt den fhocal seo - 'bosca'. An dtugann sé seo leid dúinn faoin charachtar?
3. Tá an cúlra taobh thiar den phlean dathúil agus geal. An mbíonn dathanna an chlúdaigh tábhachtach agus leabhar á roghnú agat? Cad chuige?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh:

## Ag tomhas agus ag tuar

Léigh an blurba ar chúl an leabhair.

1. Ainmnigh carachtar amháin ón scéal.
2. Cad is brí le 'róbó'? Bain úsáid as foclóir más gá.
3. Ar mhaith leat do róbó féin? Cad chuige?
4. Go minic i scéalta bíonn fadhb le réiteach. Cén fhadhb a bheidh sa scéal seo, meas tú?

## Le linn duit a bheith ag léamh.

## Ag déanamh machnaimh

1. Caibidil 1. Cad chuige a bhfuil suim ag Aoife sa bhosca seo, meas tú?
2. Caibidil 2. An síleann tú gur thóg Aoife rudaí as boscaí roimhe? Cad chuige?
3. Caibidil 3. Déan comparáid idir an stíl oibre atá ag Aoife rudaí a thógáil agus an stíl oibre atá ag a tuismitheoirí.
4. Caibidil 4. Dean cur síos ar cad a rinne Aoife sa chaibidil seo.
5. Caibidil 5. Dá mbeadh róbó agat féin, cén dath/dathanna a chuirfeá ar an róbó seo? Tarraing pictiúr den róbó agus dathaigh é.
6. Caibidil 6. Ná déan dearmad, thiocfadh le heachtra inteacht tarlú sa scéal. Cad é atá chun tarlú sa chéad chaibidil eile meas tú? Cad chuige?
7. Caibidil 7. Cad é a tharla i mbrionglóid Aoife?
8. Caibidil 8. Cá bhfuil Boscadán anois, meas tú?
9. Caibidil 9. Dúirt Daidí 'Ná. Luaigh. An. Vardrús. Sin. Ná. Labhair. Liom. Faoin. Vardrús. Ná. Faoi. Na. Doirse. Sin.' Cad chuige a scríobh an t-údar caint Daidí mar seo?
10. Caibidil 10. An gcreideann Mamaí agus Daidí scéal Aoife faoin róbó? An gcreidfeá féin an scéal seo?
11. Caibidil 11. Cad é a itheann Boscadán?
12. Caibidil 12. Cad chuige a raibh Daidí ag iarraidh an róbó a chur amach as an teach, meas tú? Cad a dhéanfá féin leis an róbó?
13. Caibidil 13. Cad a tharlódh do róbó cairtchláir dá rachadh sé amach san fhearthainn, meas tú?
14. Caibidil 14. Déan cur síos ar cad é a rinne Boscadán sa chaibidil seo? An mbeidh Daidí sásta leis seo, meas tú?
15. Caibidil 15. Cad é a tharlaíonn don chairtchlár nuair a itheann Boscadán é?
16. Caibidil 16. Déan cur síos ar an gcaidreamh idir Daidí agus Boscadán ag an bpointe seo. An gcreideann tú go bhfuil éad ar Dhaidí le Boscadán? Cad chuige?
17. Caibidil 17. Cad chuige an raibh Boscadán ag iarraidh dul ar scoil?
18. Caibidil 18. Cad é a dúirt an príomhoide faoin 'strainséir'?
19. Caibidil 19. Cad chuige a raibh díomá ar na páistí? An mbeadh díomá ort féin?
20. Caibidil 20. Cad é a bhí an scamall cosúil leis de réir Boscadán? An bhfaca tusa scamall riamh a bhí cosúil le duine nó ainmhí?
21. Caibidil 21. Déan cur síos ar cad a tharla sa chaibidil seo?
22. Caibidil 22. Bhí Boscadán ag iarraidh Aoife a thabhairt slán cé go raibh sé sin contúirteach. Cén léargas a thugann sé seo dúinn faoi Bhoscadán?
23. Caibidil 23. Ní duine é Boscadán ach róbó é. An síleann tú go bhfuil sé gortaithe? An gceapann tú go bhfuil a chosa pianmhar? Cad chuige?
24. Caibidil 24. Cad is brí leis an fhocal 'laoch'? An gcreideann tú gur laoch é Boscadán? Cad chuige?
25. Caibidil 25. Déan cur síos ar cad a tharla sa chaibidil seo? An maith leat an deireadh seo? Cad chuige?

### Tar éis duit an scéal a léamh:

### Ag smaoineamh siar

1. Ar léigh tú scéal nó an bhfaca tú scannán ina raibh róbó ann riamh? Ar bhain tú sult as an scéal nó an scannán seo? An mbeadh an leabhar seo go maith mar scannán?
2. Roghnaigh eachtra shuimiúil a tharla sa leabhar agus déan cur síos ar an imeacht seo.
3. Ag deireadh an leabhair, creideann Aoife gur chaoch Boscadán a shúil. An gcreideann tusa é seo? Cad chuige?
4. Uaireanta bíonn brionglóidí againn agus nuair a mhúsclaíonn muid, bíonn sé doiligh a chreidiúint nár tharla sé agus nach raibh sé fíor. An raibh brionglóid mar seo agat féin riamh? Déan cur síos ar an bhrionglóid seo.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- An mbeifeá féin agus do chairde ranga in ann róbó a dhéanamh as cairtchlár? Bheadh oraibh dearadh a tharraingt ar dtús. An mbeadh sibh in ann é sin a dhéanamh? Cad iad na hábhair a bheadh de dhíth oraibh?
- Scríobh Áine Ní Ghlinn an leabhar seo. Cén cheist a chuirfeá ar an údair faoin leabhar *Boscadán*?
- Ar mhaith leat leabhar eile faoi Bhoscadán a léamh? Cad chuige? An mbeifeá féin in ann an chéad chaibidil do '*Boscadán Páirt II*' a scríobh?
- Tá róbóanna nó róbait againn anois – cé nach bhfuil siad chomh cliste le Boscadán! Ach an rud maith é, róbait iontach cliste a bheith ann? An bhfuil contúirt ar bith bainte le róbat iontach cumhachtach. Pléigh an cheist seo le do rang. Thiocfadh libh díospóireacht a eagrú fiú.


# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Féach ar Áine Ní Ghlinn ag léamh *Boscadán* mar pháirt de Champa Samhraidh Cruthaitheachta de chuid Laureate na bPáistí na Ríochta Aontaithe: https://youtu.be/qrqqf0C-XXc
- Agus Áine ag léamh óna scéal *Boscadán*, beidh Tarsila Krüse léi, agus ise ag tarraingt. Is féidir le páistí bheith ag éisteacht agus seans a bheith acu a róbó féin a dhearadh: https://www.rte.ie/culture/2021/0917/1247364-culture-night-draw-along-with-laureate-na-nog/
- Éist le hÁine Ní Ghlinn ag léamh cúpla caibidil ó *Boscadán* ar phodchraoladh an Oireachtais: https://www.antoireachtas.ie/podchraoladh/2020/boscadan.html

# ASTERIX AGUS CORÓIN LABHRAIS CHAESAIR

**René Goscinny agus Albert Uderzo**
**aistrithe ag Gabriel Rosenstock**

DALEN ÉIREANN
ISBN 9781913573089




## Achoimre

Is laochra móra iad Asterix agus Obelix, a d'éalaigh ó chumhacht na Rómhánach, ach ní chiallaíonn sé sin go dtuigeann siad i gcónaí conas a thabharfaidh siad aghaidh ar an dúshlán atá rompu! Baineann eachtra Asterix sa chuid seo den tsraith leis an turas mór a dhéanann seisean, agus a chara dílis Obelix, ar thóir comhábhar speisialta do stobhach: duilleoga ó choróin Labhrais Chaesair. Eascraíonn an turas mór seo as comhrá a tharlaíonn ag am dinnéir. Maíonn duine de na daoine timpeall an bhoird as an sárbhia óna cheantar féin, dar leis, agus ní shásóidh rud ar bith Asterix ach an bia sin a shárú lena oideas speisialta féin. Lorgaíonn siad cabhair ar an mbealach ó na gardaí agus na hoibrithe áitiúla chun a mbealach a dhéanamh isteach chuig foinse na nduilleog speisialta. Cé go bhfuil an scéal lonnaithe san am atá thart, is féidir le léitheoirí an lae inniu ionannú leis an diabhlaíocht ar fad a bhíonn idir lámha ag na príomhcharachtair. Is féidir an-leas a bhaint as an leabhar chun spraoi le fuaimeanna na Gaeilge. Oireann stíl an leabhair freisin do léitheoirí drogallacha agus is féidir le léitheoirí tuilleadh eachtraí Asterix a leanúint sna leabhair eile sa tsraith.

## Eolas faoi René Goscinny

Tá cáil ar René Goscinny as an ngreannán *Astérix* a chum sé leis an maisitheoir Albert Uderzo. Rugadh é in Buenos Aires agus ina dhiaidh sin bhog sé go Nua-Eabhrac. Tá taithí ag Goscinny ar go leor scéalta greannmhara a chumadh. Bhunaigh sé an t-irisleabhar *Pilote* in eireaball na gcaogaidí inar dhírigh sé ar ábhar grinn. Chas sé ar Uderzo sna caogaidí freisin agus is ansin a thosaigh siad ar an gcarachtar Astérix agus a eachtraí ar fad a chur ar pháipéar. Is cara mór le Astérix é Obélix, príomhcharachtar eile na sraithe, agus baineann siad beirt leis an treibh nár éirigh leis na Rómhánaigh a shárú. Aistríodh an tsraith *Astérix* go dtí a lán teangacha éagsúla, ina measc mionteangacha ar nós Ghaeilge na hAlban, Ghaeilge na hÉireann agus na Breatnaise.

## Eolas faoi Albert Uderzo

Rugadh Albert Uderzo sa Fhrainc sa bhliain 1927. Ag aois an-óg chuir sé spéis i ngreannáin Mheiriceá agus i sraith Disney. D'oibrigh Albert Uderzo agus René Goscinny as lámha a chéile ar an tsraith *Astérix*. Thosaigh sé ag líníocht leis agus ag cumadh stiall greannáin dá chuid féin. Thug a thuismitheoirí faoi deara go raibh sé dathdhall ach níor chuir sé sin isteach ar a chuid saothar mar gur chum sé carachtair i ndubh agus bán! Tá *Astérix* ar cheann de na hirisleabhair is cáiliúla de chuid na hEorpa. Nuair a d'imigh a leathbhádóir Goscinny ar shlí na fírinne sa bhliain 1977, ghlac Uderzo freagracht as an téacs agus na léaráidí a dhéanamh. Cailleadh Uderzo féin in 2020 ach maireann i gcónaí an cháil agus an t-éileamh ar a charachtair Astérix agus Obélix.

## Eolas faoi Gabriel Rosenstock

Is duine de na scríbhneoirí comhaimseartha is bisiúla sa Ghaeilge é Gabriel Rosenstock. Rugadh é sa bhliain 1949 i ndeisceart na tíre. Bhí sé ina bhall den ghrúpa *Innti* a spreag agus a scaip an fhilíocht i measc phobal na hÉireann. Chaith sé tamall ag obair i réimsí éagsúla i saol na Gaeilge sular chrom sé ar an scríbhneoireacht lán-aimseartha. Tá clú idirnáisiúnta ar a chuid filíochta, go háirithe na haiku-anna óna pheann. Tá neart leabhar scríofa aige don aos óg, mar aon le leagan Gaeilge a bheith curtha ar fáil aige de shaothair de chuid Julia Donaldson agus Niamh Sharkey.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Léigh an teideal. Tá Asterix i mbun eachtraíochta arís.
   Ní fheadar cad atá á lorg aige?
2. Cén tréimhse ina bhfuil an scéal ag tarlú, meas tú?
3. Cén pearsa cáiliúil stairiúil atá bainteach leis an scéal seo?
4. Cad atá ar eolas agat faoin bpearsa sin?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Ar chuala tú faoin tsraith Asterix roimhe? Cad atá ar eolas agat faoin gcarachtar?
2. Ar léigh tú greannán Gaeilge riamh? Cén ceann?
3. Oscail an chéad leathanach. Cá bhfuil an scéal seo lonnaithe? Cé eile atá sa scéal? Ar léigh tú úrscéal grafach nó greannán riamh i mBéarla nó in aon teanga eile?

## Le linn duit a bheith ag léamh: Ag déanamh machnaimh

1. Tosaíonn eachtraí Asterix go léir leis an tús céanna. Léigh an tús sin. Cad atá ar eolas agat faoi chomhthéacs an scéil?
2. Oscail leathanach 6. Feicimid radharc ón aer ar chathair Lúitéis. Céard atá sa chathair seo? Cén cineál saoil atá ag muintir na háite ann?
3. Margadh Beo: Oscail leathanach 7. Tá muintir na háite ag scréachaíl agus ag béicíl ar a chéile. ‘Amadán’, ‘Bobarún’ srl. Cum cúpla mallacht/ eascaine le glaoch ar ais orthu. Bain úsáid as https://www.teanglann.ie/ga/fgb/amad%c3%a1n
4. Déan radharc den mhargadh sa rang agus gach duine ag glaoch amach an nath cainte a roghnaigh sé/sí.
5. Oscail leathanach 9 agus 10. Tá Asterix agus na cuairteoirí i mbun féasta le bia speisialta. Tosaíonn Asterix ag maíomh as bia speisialta a bhaile dhúchais. Cad a cheapfaidh na haíonna eile faoi sin?
6. Léigh leathanach 12. Conas a rachaidh Asterix isteach sa phálás sin, meas tú?
7. Sula léann tú an chéad leathanach eile, cum stiall greannáin tú féin den mhéid a dhéanfaidh siad. Cé a bheidh sa stiall greannáin? Cad a déarfaidh siad le chéile?
8. Leathanach 13. Cén t-eolas a fhaigheann Asterix agus Obelix ón sclábhaí?
9. Leathanach 18. An bhfuil muintir an pháláis sásta leis an gceannach nua?
10. Leathanach 20. Tá Asterix agus Obelix i mbun cócaireachta. Céard a chuirfidh siad sa phota mór? Scríobh amach na comhábhair.
11. Leathanach 21. Blaiseann an chéad duine an stobhach. Níl aon téacs sa stiall seo, ach cad atá ar eolas againn faoin mblas?
12. Leathanach 22. Cén cineál saoil a bhíonn ag daoine sa phálás mór? Conas mar a chaitheann siad leis na daoine eile a oibríonn ann?
13. Leathanach 23. Blaiseann an dara duine an stobhach. An bhfuil an tuairim chéanna aige? Cén tionchar atá ag an stobhach air?
14. Leathanach 24. Tá fuaimeanna agus torannacha aisteacha le cloisteáil. Cad atá á gcruthú, meas tú?
15. Leathanach 26. Cén chaoi atá ar an bpálás an mhaidin dar gcionn? Déan liosta de na jabanna glantacháin atá le déanamh ann.
16. Leathanach 31. Tá siad ar thóir comhábhar speisialta. Cad iad na háiteanna ina rachaidh siad ag cuardach?
17. Leathanach 32. Léigh an leathanach seo amach. Léigh an chuid sa ghnáthchló i nguth ciúin. Léigh an chuid sa chló trom amach os ard.
18. Leathanach 34. Tá slua sa chúirt. Línigh bolgán smaointeoireachta os cionn cúpla duine. Cad air a bhfuil an duine sin ag smaoineamh?
19. Leathanach 36. Cén toradh a bheidh ar an gcás cúirte? Cén píonós a ghearrfar orthu?
20. Leathanach 38. Cad atá ar eolas agat faoi na sorcais in aimsir na Róimhe?
21. Leathanach 43. Cén t-amhrán atá á chanadh aige? Ar chuala tú é sin riamh roimhe?
22. Leathanch 44. Conas a chuireann an maisitheoir in iúl dúinn cén t-am den lá atá ann?
23. Leathanach 46. Céard é do bharúil ar an mbéile a ordaíonn Asterix?
24. Leathanach 48. An gcuireann críoch an scéil ionadh ort?

## Tar éis duit é a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Bhí méid áirithe eolais agat faoi Chaesar sular léigh tú an scéal. Cad eile atá ar eolas agat faoi anois?
2. In amanna, tagaimid ar steiréitíopaí de chultúir faoi leith sa tsraith Asterix. Ar thug tú é sin faoi deara? Conas a d’fhéadfá an radharc a athscríobh chun léargas níos cothroime a thabhairt?
3. Déan amach liosta de na carachtair ar fad, mar shampla, Arán-Prátus. Smaoinigh ar ainmneacha cliste eile do na daoine seo a leanas: an garraíodóir, an cócaire, an meicneoir.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Cailleadh maisitheoir na sraithe seo, Albert Uderzo, níos luaithe in 2020. Déan taighde air, ar a shaol agus ar a shaothar.
- Biachlár Thar Barr: Oscail leathanaigh 9 agus 10 arís. Déan amach biachlár leis an mbia is fearr ina bhaile dúchais, dar le Asterix. Bain úsáid as *Lámhleabhar Bia agus Dí* chun teacht ar smaointe maithe. https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/03/lamhleabhar_bia.pdf
- I mBeagán Focal: Léigh leathanaigh 28–29. Sroicheann Asterix agus Obelix an Róimh ach níl na gardaí sásta iad a ligean isteach. Lig ort go n-éalaíonn Asterix uathu agus go bhfuil sé as anáil ag iarraidh an scéal a roinnt i mbeagán focal le duine ar an tsráid. Bain úsáid as struchtúr cosúil leis an gceann seo a leanas:

  *Turas fada … gardaí romhainn … d'éalaigh … ar éigean*
- Dúshlán: I mbeirteanna, roghnaigh an radharc is fearr libh san úrscéal grafach. Scríobhaigí an comhrá atá ag dul ar aghaidh idir na carachtair.
- Scríobhaigí treoir stáitse le dul leis, mar shampla: An bhfuil na carachtair ina seasamh nó ina suí? An úsáideann siad guth glórach/feargach/séimh?
- Tabharfaidh gach beirt an radharc do bheirt eile le cur i láthair.


# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Féach ar shuíomh Dalen http://daleneireann.com/ . Cad iad na scéalta eile i sraith Asterix atá ar fáil as Gaeilge? Ar chuala tú fúthú roimhe?
- Cé na mionteangacha eile ina bhfuil Asterix ar fáil?
- Roghnaigh teideal amháin sa tsraith. An féidir an teideal céanna a aimsiú i mionteanga eile ar an suíomh?
- Léigh an t-alt seo a foilsíodh in Tuairisc maidir le leabhar i sraith Asterix: https://tuairisc.ie/ag-fonoid-faoi-na-sasanaigh-ata-asterix-na-ngael-sa-leabhar-gaeilge-is-deanai-sa-tsraith-chailiuil/ Cén cineál grinn a úsáidtear ann, dar leis an scríbhneoir? Cad iad na tagairtí cultúrtha éagsúla atá sa leagan Gaeilge i gcomparáid leis an mbunleagan? Conas a chuir siad sin leis an scéal dar leat?

# HÓNG

## Anna Heussaff

CLÓ IAR-CHONNACHT
ISBN 9781909367616




### Achoimre

Tá Evan agus an cara is fearr leais, Rio, gafa le cluiche iontach ar line darb ainm Hóng. Tá saol iomlán difriúil in Hóng, i gcomparáid leis an léamhtuirse a bhíonn i mBaile an Chuain ó thus go deireadh na bliana. Athraíonn an scéal seo go tobann nuair a fhaigheann Evan teachtaireachtaí aisteachta ó imreoir eile ar líne leis an leasainm Yin. Níl mórán ar eolas ag Evan faoi Yin ach cuirtear in iúl dó go bhfuil a dearthár Yang i ndainséir agus é i mbun poist in Éirinn.

### Eolas faoi Anna Heussaff

Scríobhann Anna Heussaff úrscéalta do léitheoirí fásta agus do léitheoirí óga in aois 10–14 bliain. In *Vortex* (Cois Life 2006, *Hóng* (CIC 2012) agus *Sárú* (CIC 2017) tá na carachtair óga gafa le mistéir i gcluiche ríomhaireachta a chruthaíonn contúirtí agus eachtraí ina saol féin, agus a ngabhann mórcheisteanna timpeallachta leo. Sa bhliain 2013, bhuaigh *Hóng* Duais Speisialta na Moltóirí ag gradaim Leabhar Pháisti Éireann agus bronnadh mórdhuais Oireachtais ar fhormhór a cuid leabhar.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Léigh leathanach 33.
2. Léigh leathanach 7. An rud maith nó drochrud atá ann go bhfuil Evan ina shuí ag meánoiche ag imirt cluiche ríomhaire: Cén fáth?
3. Léigh leathanach 8. Cárbh as a dtáinig an teachtaireacht, dar leat? Conas mar atá scríbhneoir na teachtaireachta ag mothú?
4. Léigh leathanach 9. Cad atá spéisiúil faoin gcluiche idirghníomhach seo nuair a chuirtear an cluiche i gcomparáid leis an saol laethúil: An bhféadfadh leis an gcluiche seo a bheith lonnaithe in aon áit ar domhan inniu?
5. Léigh leathanach 12. Cé a d'aontófá leis ó thaobh ama ar an ríomhaire; Síofra nó Evan? Cén fáth go bhfuil am tuilte ag Síofra?
6. Léigh leathanach 13. Cén t-eolas sainiúil a bhí ag Síofra faoi na hainmneacha Yin agus Yang?
7. Léigh leathanach 14. Cén fáth go bhfuil botúin scríofa a dhéanamh ag Yin, dar leat?
8. Léigh leathanach 16. Cén fáth gur cuireadh fearg ar Rio? Cad a thugann sibh faoir dearadh faoin nGaeilge atá in úsáid ag Rio?
9. Léigh leathanach 17. Cén saghas áit í Baile an Chuain? An bhfuil sé cosúil le nó difriúil le do bhaile dúchais féin?
10. Léigh leathanach 18. Cén cineál *avatar* go bhféadfadh bheith i gceist le 'Umbrella Lady'?
11. Léigh leathanach 20. Ar cheart na teachtaireachtaí a seoladh chuig Evan a ghlacadh i ndáiríre?
12. Léigh leathanach 21. Cén saghas cairdeas atá idir Evan agus Rio? Cén fath go bhfuil Evan amhrasach faoin veain atá páirceáilte taobh amuigh den scoil?
13. Léigh leathanach 22. Conas mar atá an tSín difriúil le hÉireann, bunaithe ar na sonraí atá faighte againn ó Zak agus ó Evan sa leabhar?
14. Léigh leathanach 24. Cén fáth nach raibh cead ag Evan dul pé áit gur mhian leis in Hóngcheng? An bhfuil aon chosúlachtaí idir Hóngcheng agus Baile Átha Cliath/Éireann – Cén fáth? Cén deacracht a chruthaítear nuair a bhíonn daoine ar fud an domhain ag imirt an chluiche?
15. Léigh leathanach 25. Cén fáth, dar libh, nár stop carr ar bith d'Evan?
16. Léigh leathanach 28. Cén saghas siombaile a fheictear sa cluiche? Cén t-eolas a roinneann Yin linn agus í ag caint faoi Yang?
17. Léigh leathanach 29. Cén fáth, dar leat, atá leasainmneacha in úsáid ag Yin agus Yang, agus ag Evan, Rio agus Síorfa?
18. Léigh leathanach 30. Cén tseift atá ar siúl ag Evan agus ag Síofra? Cén leithscéal atá acu chun nach mbeidh a mam ag fiosrú cad atá ar siúl acu? Cén fáth go luaitear an scannán Yu Ming Is Ainm Dom agus na páistí i mbun seifte?
19. Léigh leathanach 33. An raibh aon rud mícheart nó dainséarach faoin tseift Evan agus Síofra? Cén fáth?
20. Léigh leathanach 34. Cén difríocht a mbaineann le struchtúr ainmneacha nuair a chuirimid i gcomparáid le hainmneacha Éireannacha iad?
21. Léigh leathanach 36. Cén fáth gur theastaigh ó Shíofra dul ar ais go dtí an Pagoda an lá dár gcionn?
22. Léigh leathanach 40. Cén fáth go raibh graifítí a dhéanamh ag Rio?
23. Léigh leathanaigh 40–41. Cuireadh Rio i ndrochghiúmar. Cén fáth?
24. Léigh leathanach 42. Cad a bhí ar siúl ag Rio nuair a d'éalaigh sé ón teach?
25. Léigh leathanach 44. Cad a chonaic Rio agus cén nasc a bhí idir seo agus an gnó a bhí ar siúl ag Evan agus ag Síofra?
26. Léigh leathanach 46. Cén saghas eolais a roinn Li Meng Hu le Síofra?
27. Léigh leathanach 47. Dar leat, cén fáth nach bhfuair Evan freagra ó Yin? Cén fath go bhfuil na páistí sa tóir ar Shéimi?
28. Léigh leathanach 49. Cad chuige go raibh Rio ag iarraidh orthu dul suas ar an díon.
29. Léigh leathanach 52. Cad a bhí ar siúl ag Síneach óg sa chlós agus cén fáth gur theastaigh ó Evan labhairt leis?
30. Léigh leathanaigh 54–55. Cén freagra a fuair Evan nuair a d'ofráil sé cabhair do Yang? Cén fáth go raibh an dearcadh seo ag Yan?
31. Léigh leathanach 56. Cad chuige gur baineadh geit as Síofra? Cad a dhéanfá sa chás céanna?
32. Léigh leathanach 59. Cén tábhacht a bhaineann leis an uimhir 1,300,000,000?

33. Léigh leathanaigh 60–61. Comas gur cuireadh fáilte roimh Zak nuair a tháinig sé abhaile? Cad a fuair na páistí amach uaidh?
34. Léigh leathanach 62. Cén fáth gur cuireadh amhras ar an gceist faoi Yin agus Yang bheith mar shibhlíní?
35. Léigh leathanach 65. Conas gur dheimhnigh Zak nach raibh Gaeilge ag Yin?
36. Léigh leathanach 67. Cad chuige go raibh Evan ag cogaint a chuid ingne, dar libh?
37. Léigh leathanach 69. Cad a bhí ar siúl ag an gcailín san fhíseán ar YouTube? Cén saghas áit a léirítear ann?
38. Léigh leathanach 71. Cén saghas gnó atá ar siúl ag ExCom?
39. Léigh leathanach 72. Cad chuige go raibh Zak ag iarraidh labhairt le máistir an chuain faoi longa a bhí ag teacht i dtír in Éireann?
40. Léigh leathanach 75. Cén saghas plean a cheap Zak agus máistir an chuain?
41. Léigh leathanach 76. Cad chuige go raibh stionsal in úsáid ag Síofra?
42. Léigh leathanach 78. Dúirt Rio go raibh 'an saol seo níos fearr ná cluiche'. An bhfuil an ceart aige, dar leat?
43. Léigh leathanach 80. Cén saghas saoil a bhí caite ag Yin agus Yang go dtí seo?
44. Léigh leathanach 83. Cén fáth ar thosaigh Séimí ag bualadh Yang? Cad a tharla do Shéimí sa deireadh, dar leat?
45. Léigh leathanach 86. Cén toradh a bhí ar an scéal do Yang?
46. Léigh leathanach 87. Cad a rinne mam Rio chun cabhrú le Yang? Conas gur cuireadh isteach go mór ar Rio? Cén phionós a gearradh ar na páistí as ucht an dlí a bhriseadh? An raibh an ceart acu é seo a dhéanamh, ar bhreathnú siar?
47. Léigh leathanach 88. Conas go raibh Yin in ann dul i dteagmháil le Evan ó thus?
48. Léigh leathanach 90. Cén fáth gur roghnaigh Yin agus Yang na leasainmneacha a raibh in úsáid acu?
49. Léigh leathanach 91. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a luaigh Zak, Síofra, Evan agus Rio maidir le ríomhairí? An bhfuil aon cheann eile nach bhfuil luaite acu?


# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Tarraing léarscáil de Hóngcheng, bunaithe ar mheascán d'eolas atá tugtha dúinn sa leabhar agus ó do shamhlaíocht féin. Cuir do léarscáil i gcomparáid le léarscáil do chara agus pléigh aon rud atá in easnamh, dar leat.
- Scríobh meabharmhapa bunaithe ar an tSín. Téigh i ngrúpaí chun taighde a dhéanamh faoin tír (cultúr na tíre, bia coitianta, stair, fíricí suimiúla srl). Déan na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an meabharmhapa agus an taighde a phlé chun léargas cuimsitheach a fháil ar an saol laethúil sa tSín.
- Athscríobh na teachtaireachtaí a scríobh Yin trí Ghaeilge i scríbhneoireacht Síneach. Pléigh an próiseas a bhíonn i gceist le scríbhneoireacht Shíneach, sé sin, na siombailí, an treo ina scríobhtar iad, agus an leibhéal deacrachta.
- Tóg mionsamhail de Hóngcheng in éineacht le do rang/grúpa. Cuir tús leis an obair le plé ar cheantair cathracha i mBaile Átha Cliath nó cathair eile: m.sh. Corcaigh, Béal Feirste, Londain, Nua Eabhrac. Beidh gach duine (nó péire) ag obair as a stuaim féin chun a gceantar féin a dhearadh is a thógáil, gan treoir múinteora. Cuirfear na ceantracha éagsúla le chéile ag an deireadh chun cathair iomlán a dhéanamh, agus ina dhiaidh sin pléifear an próiseas.
- Dear agus déan *avatar* le haghaidh an chluiche a d'imreofá in Hóngcheng. Scríobh próifíl don *avatar* leis na buanna agus na laigí a chuirfeadh lena dul chun cinn sa chluiche nó a bhainfeadh uaidh.
- Ag obair i mbeirteanna, bain úsáid as Google Translate chun sraith teachtaireachtaí a chumadh agus a sheoladh chuig a chéile, ag aistriú ó Bhéarla (nó teanga eile) go Gaeilge. Cuir na teachtaireachtaí a fhaigheann tú i gcomparáid le haistriúchán cruinn. An insíonn sé seo dúinn aon rud faoin mbealach a oibríonn teangacha?
- Bíonn a lán béarlachais ag Rio sa leabhar. Scríobh alt i nGaeilge le roinnt focal agus nathanna Béarla fite fuaite ann. Cuir d'alt isteach i mbosca, gan d'ainm air, in éineacht le saothar na bpáistí eile i do ghrúpa nó do rang. Piocfar ailt amach go randamach agus léifear iad mar atá siad scríofa. Oibreoidh gach duine le chéile chun snas a chur ar an nGaeilge sna hailt sin.
- Déantar tagairt do scannán *Yu Ming is Ainm Dom* sa leabhar. Aimsigh an scannán ar YouTube, féach air, agus cur an t-eispéireas a bhíonn ag Yu Ming sa scannán i gcomparáid leis an eispéireas a bhíonn ag Yang sa leabhar, ag cur san áireamh teangacha, obair, agus úsáid na Gaeilge sa tír seo. An bhfuil cosúltachtaí nó éagsúlachtaí a sheasann amach duit?
- Bain úsáid as leabhair thagartha, físeáin agus an idirlíon chun níos mó eolais a fháil faoin tSín. Déan léaráid Venn a léiríonn na difríochtaí chomh maith leis na cosúlachtaí idir an tSín mar a chuirtear síos uirthi in *Hóng*, agus mar atá sí de réir do thaighde.

# DAIDEO

## Áine Ní Ghlinn

**COIS LIFE**
ISBN 978 1907494420




### Achoimre

Tá Liam ag éalú óna thuismitheoirí ar an traein go Baile Átha Cliath. Níl éinne eile leis agus tá sé ag folú ó fhear na dticéad. Buaileann sé le seanduine ar an traein agus ansin tosaíonn siad ag caint. Tá siad cosúil lena chéile, Liam agus an seanduine. Tá an seanduine ag éalú freisin ar an traein. An mbuaileann Liam le cara nua agus é ar a theitheadh?

### Eolas faoi Áine Ní Ghlinn

Léachtóir, iriseoir agus scríbhneoir í Áine Ní Ghlinn. Tá céim B.A. (Gaeilge & Béarla) agus A.T.O. aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Dioplóma san Iriseoireacht ó Choláiste Iriseoireachta, Londain agus M.A. sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach ó Ollscoil Lancaster.Tá dhá leabhar is fiche scríofa aici – ceithre chnuasach filíochta agus ocht leabhar déag do dhéagóirí agus do léitheoirí óga.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Cén sórt atmaisféar a mhothaíonn tú as an chlúdach seo?
2. An bhfuil an buachaill ar an chlúdach sásta lena shaol?
3. Dá bhfeicfeá clúdach an leabhair seo i siopa leabhar an gceannófá é? Dá gceannófá, nó mura gceannófá, cén fáth?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. **Léigh Caibidil 1**
- Bhí Liam ag caint le fear na dticéad sa chaibidil seo. Cén sórt comhrá a bhí acu? An raibh sé cairdiúil, amhrasach nó aisteach?
- An raibh Liam fírinneach le fear na dticéad? Mura raibh, cé mhéad bréag a d'inis sé?

2. **Léigh Caibidil 2**
- Tá Liam beag dá aois. Bhíodh agus ní bhíodh sé sin úsáideach. Bhí sé ag smaoineamh ar na huaireanta a bhí sé úsáideach agus na huaireanta nach raibh sé úsáideach. An bhfuil aon uair eile go mbeadh nó nach mbeadh sé úsáideach?
- 'Páirceanna glasa, páirceanna buí, páirceanna glasa, páirceanna buí'. An bhfuil tú ábálta an traein a chloisteáil trí na focail sa chaibidil seo? An bhfuiltear do choinneáil ar bís? 'Páirceanna glasa, páirceanna buí, páirceanna glasa, páirceanna buí.'

3. **Léigh Caibidil 3**
- Bhuail Liam le duine éigin nua nuair a bhí sé ag folú ó fhear na dticéad. Thosaigh sé ag smaoineamh ar a chara, Micheál. An mbeadh sé níos fearr a bheith ag taisteal leis siúd? Cen fáth, dar leat?

4. **Léigh Caibidil 4**
- Bhí ar Liam scéal a insint chun éalú inniu. An bhfuil Liam go maith mar aisteoir agus scéalaí?

5. **Léigh Caibidil 5**
- Cén sórt saol a bhí ag Liam agus a chlann sa bhaile? An raibh saol maith acu?

6. **Léigh Caibidil 6**
- Tá coimhlint tábhachtach i scéalta. Cén sórt coimhlint atá i gceist sa chaibidil seo? Cé mhéad duine atá i gcoimhlint lena chéile anseo?

7. **Léigh Caibidil 7**
- Bhí ar an seanfhear fear na dticéad a cheansú. Ar cheap tú go raibh an bealach a d'úsáid sé leis cliste?

8. **Léigh Caibidil 8**
- Cén sórt fear é an seanfhear? An raibh sé folláin? Cén fáth? Cad iad na comharthaí a léirigh go raibh nó nach raibh sé folláin?

9. **Léigh Caibidil 9**
- Chuir an seanfhear ainm nua ar Liam mar chéannacht rúnda. An raibh an smaoineamh seo go maith, dar leatsa? Agus cad í an chéannacht rúnda atá ag an seanfhear?

10. **Léigh Caibidil 10**
- Ar mhothaigh tú comhbhá leis an seanfhear agus Liam? Cén fáth?

11. **Léigh Caibidil 11**
- Mura mhothaigh tú comhbhá leis an seanfhear sa chaibidil roimhe seo, cad faoi anois? An raibh scéal brónach aige?

12. **Léigh Caibidil 12**
- Cad a cheap tú faoi dhílseacht Liam dá mhama?
- An raibh sé cliste a fhón póca a fhágáil ina sheomra codlata?

13. **Léigh Caibidil 13**
- An raibh saol crua ag an mbeirt acu? Bhí siad ar a dteitheadh agus bheadh orthu dul ar ais arís ag an saol a bhí acu. An rud brónach é sin?

14. **Léigh Caibidil 14**
- Bhí sceitimíní ar Liam. Cairde nua ag dul ar fud na cathrach in éineacht. An bhfuil tú sásta a léamh go raibh siad ag dul ar fud Bhaile Átha Cliath le chéile?

15. **Léigh Caibidil 15 agus 16**
- Nach bhfuil sé sin thar a bheith scanrúil? Cén fáth? An raibh eagla ort nuair a bhí na caibidlí léite agat? Nó cén sórt mothúchán?

16. **Léigh Caibidil 17**
- Cad a cheap tú faoin scéal sin? An raibh deireadh an scéil spleodrach nó scanrúil? Nó an raibh cúpla mothúchán agat?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Tagann cas tobann sa scéal ag an deireadh nuair a thuigeann muid nach mar a shíltear a bhítear. Ach meas tú ar athraigh an t-údar a hintinn agus an scéal á scríobh aici? An féidir leatsa deireadh difriúil a scríobh don leabhar?
- Insítear an scéal ó thaobh Liam de, rud a chuireann leis an teannas. Pioc amach comhrá idir Liam agus 'Daideo' agus scríobh arís é ach ag nochtadh smaointe agus mothúchán an tseanfhir.
- Is iriseoir thú ag tuairisciú do Tuairisc.ie Scríobh alt ag tosú le: I mBaile Átha Cliath inniu gabhadh beirt fhear…


# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Éist leis an údar Áine Ní Ghlinn ag léamh an leabhar anseo, saor in aisce: https://soundcloud.com/cois-life-teoranta/daideo-le-aine-ni-ghlinn-closleabhar-o-cois-life

# NÓINÍN

## Máire Zepf

COIS LIFE
ISBN 9781907494949




### Achoimre

San úrscéal véarsaíochta seo cuirimid aithne ar Nóinín, gnáthdhéagóir a bhfuil spéis aici ina fón póca, agus gan mórán spéise aici i ngnéithe eile dá saol scoile. Is cara mór léi í Eimear agus feicimid an cairdeas eatarthu trí shúile Nóinín ar dtús. Téann duine eile i dteagmháil le Nóinín gan choinne ar a fón póca agus cuirtear tús le caidreamh nua spreagúil, dar le Nóinín. Roinneann an duine nua seo roinnt eolais le Nóinín ach ní fhoghlaimímid mórán fíricí fíora faoi go dtí go gcasann Nóinín air i lár an scéil. Cruthaíonn an caidreamh nua seo teannas idir Nóinín agus a cara Eimear agus mothaíonn Eimear ciontach ansin nuair a fhaigheann sí an teachtaireacht chinniúnach ó fhón Nóinín. Sa dara leath den leabhar cumhachtach seo, faighimid léargas ó Eimear ar an gcaoi a dtéann sí i ngleic leis an drochscéal faoi Nóinín. Déanann a cuid smaointe ceist na sábháilteachta agus an chairdis ar líne a chíoradh go híogair.

### Eolas faoi Mháire Zepf

Is údar í Máire Zepf a scríobhann leabhair don aos óg. Tá dhá leabhar déag scríofa aici go dtí seo, idir phictiúrleabhair do na leitheoirí is óige, úrscéalta staire agus *Nóinín* – an chéad úrscéal véarsaíochta sa Ghaeilge do dhéagóirí. Chruthaigh sí sraith faoi charachtar bríomhar darbh ainm *Rita* (An tSnáthaid Mhór) i bpáirt leis an maisitheoir Andrew Whitson. In 2015, d'fhoilsigh Futa Fata *Ná Gabh ar Scoil!,* maisithe ag Tarsila Krüse. Tá an leabhar sin aistrithe anois go seacht dteanga ar fud an domhain, agus bhuaigh sé Gradam Leabhar na Bliana de chuid Chumann Litearthachta na hÉireann agus Gradam IBBY. Tá duais ficsin an Oireachtais bainte aici faoi dhó (do *Lá Leis na Lochlannaigh* in 2015 agus do *Nóinín* in 2018). Bhain *Nóinín* amach duais Leabhar na Bliana i ngradam Leabhair Pháistí Éireann sa bhliain 2020.

# CEISTEANNA

## Ceisteanna faoin gclúdach

1. Cad is brí le 'nóinín'? Tá slabhra nóinín ar chlúdach an leabhair. Ar imir tú riamh cluiche le nóiníní nuair a bhí tú níos óige? Cuir ceist ar dhuine sa bhaile.
2. Oscail amach clúdach an leabhair. Cad a cheapann tú faoi na dathanna ar an taobh istigh? Cad a cheapann tú faoi dhearadh an leabhair?
3. Tá croí ar chlúdach an leabhair. Cén cineál scéil a bheidh ann dar leat?

## Sula dtosaíonn tú ag léamh: Ag tomhas agus ag tuar

1. Is leabhar saorvéarsaíochta é seo. Ar léigh tú leabhar den chineál sin riamh roimhe?
2. Faigh amach eolas faoin údar Máire Zepf. Cén duais mhór a bhuaigh sí le déanaí?

## Le linn duit a bheith ag léamh: Ag déanamh machnaimh

1. Oscail leathanaigh 3 agus 4. Déanann Nóinín cur síos uirthi féin. Cad a cheapann sí fúithi féin? An duine muiníneach í? An féidir leat ionannú a dhéanamh le Nóinín?
2. Léigh leathanaigh 5–7. Labhraíonn Nóinín faoina saol scoile. Cad a chuireann as di faoin scoil? An bhfuil scoil Nóinín cosúil le do scoilse?
3. Oscail leathanach 8. Tá cur síos ar Nóinín agus a cara anseo. Baineann an t-údar úsáid as cúpla samhail, m.sh. 'fóireann muid dá chéile cosúil le … Wifi agus pasfhocal'. Roghnaigh ceann eile le cur síos ort féin agus duine a bhfuil tú mór leis/léi.
4. Léigh leathanaigh 11–13. Céard atá á fhoghlaim ag Nóinín ar scoil? An bhfuil spéis aici san ábhar sin? Ar chuala tú trácht ar an gCóras Feodach roimhe?
5. Oscail leathanaigh 14–17. Tá cur síos ar chaidreamh Nóinín lena máthair anseo. Conas mar atá an caidreamh eatarthu?
6. Léigh leathanaigh 23–26. Conas a dtéann Oisín i dteagmháil le Nóinín?
7. Léigh leathanaigh 28–30. Déan liosta de na rudaí atá ar eolas againn faoi Oisín ag an bpointe seo.
8. Léigh leathanach 31. Conas a mhothaíonn Nóinín tar éis di aithne a chur ar Oisín? Ar tharla sé sin riamh duitse?
9. Léigh leathanach 35. Conas a bhfuil a fhios agat go bhfuil Nóinín mífhoighneach?
10. Léigh leathanach 38. Faigheann Nóinín grianghraf d'Oisín. Cad a cheapann sí faoi?
11. Léigh leathanach 42. Tosaíonn Nóinín ag roinnt eolais le hOisín faoina saol. Cén scéal a insíonn sí dó? Cad a deir sé?
12. Leathanach 47. Conas a bhfuil a fhios agat go bhfuil Nóinín buartha faoin ngrianghraf a sheoladh chuig Oisín? Ar ghlac tusa riamh go leor féinphictiúir sular phóstáil tú iad? Cén fáth?
13. Léigh leathanaigh 52–54. Cén freagra a thug Oisín ar an ngrianghraf?
14. Léigh leathanaigh 56–57. Déan liosta de na rudaí atá ar eolas againn faoi Oisín.
15. Léigh leathanach 58. Cén dóigh a bhfuil a fhios agat go bhfuil Nóinín ag smaoineamh ar Oisín agus nach bhfuil sí ag smaoineamh ar mhórán eile? Ar tharla sé sin riamh duitse?
16. Léigh leathanaigh 61–65. Conas mar atá caidreamh Nóinín le hOisín ag cur isteach ar a caidreamh le hEimear?
17. Léigh leathanaigh 70–71. Cén t-eolas pearsanta a lorgaíonn Oisín ó Nóinín?
18. Léigh leathanaigh 72–73. Céard iad na cúiseanna imní atá ag Eimear? An bhfuil an ceart aici dar leat?
19. Léigh leathanach 81. Cén t-athrú a thagann ar an gcairdeas idir Nóinín agus Eimear?
20. Léigh leathanach 97. Cén bronntanas atá ceannaithe ag Oisín do Nóinín, meas tú?
21. Léigh leathanaigh 111–114. Cé na héadaí a roghnaíonn Nóinín don ócáid seo? Cén fáth? Cad a cheapann Eimear faoi na héadaí?
22. Léigh leathanaigh 126–127. Cén dóigh a bhfuil a fhios agat go bhfuil Nóinín mífhoighneach arís?
23. Oscail leathanach 134. Stopann an scéal anseo. Cad a tharlóidh nuair a bhuaileann Nóinín le hOisín?
24. Oscail leathanach 135. Athraíonn an guth sa dara cuid den leabhar. Cé atá ag labhairt linn anois?
25. Faighimid amach sa dara leath den leabhar go bhfuil Nóinín ar iarraidh. Téigh siar ar an eolas ar fad atá againn faoi Oisín (leathanaigh 28–30, 56–57). An bhfuil a fhios againn an bhfuil na nithe sin fíor?
26. Léigh leathanaigh 154–156. Cén chaoi a dtéann an drochscéal faoi Nóinín i bhfeidhm ar Eimear?
27. Léigh leathanaigh 161–166. Breathnaigh ar na focail spréite amach ar an leathanach. Cad a insíonn sé sin dúinn faoina meon?
28. Léigh leathanach 240. Tá cur síos ar an eachtra sa nuachtán. An cur síos iomlán é seo, meas tú?

## Tar éis duit é a léamh: Ag smaoineamh siar

1. Téigh siar ar na réamhthuairimí a bhí agat ag an tús. Ar chuir eachtraí an scéil ionadh ort? An raibh tú ag súil leis an méid a tharla?
2. Léigh leathanaigh 243–248. Faighimid amach píosaí eolais faoin droch-chaoi ar chaith 'Oisín' le Nóinín agus ar an bpian a d'fhulaing sí. Conas mar a chuireann stíl an úrscéil véarsaíochta leis an léamh ar an drochscéal seo?
3. Léigh leathanaigh 271–273. Cumann Eimear *manifesto* chun freagra a thabhairt ar dhearcadh Dheirdre. Léigh é cúpla uair. Conas is féidir leat an *manifesto* seo a úsáid chun comhairle a chur ar dhaoine cairdeas sábháilte a chothú le daoine eile?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN BHREISE

- Filíocht lánmhúchta: roghnaigh leathanach sa leabhar. Le marcóir dubh, scrios amach cúpla focal ar an leathanach chun do véarsa féin a chumadh.
- Os cionn na bhfocal atá lánmhúchta agat, roghnaigh téarma nua.
- Roinn na véarsaí nua leis an rang.
- Dúshlán: Díospóireacht 'Is cairdeas bréagach é an cairdeas ar líne'
- I ngrúpaí de cheathrar pléigh an rún ar dtús. Scríobh amach pointí a thacaíonn leis an rún agus a easaontaíonn leis.
- Beidh ar chúpla grúpa taobh amháin den díospóireacht a ghlacadh. Bain úsáid as roinnt de na nathanna seo a leanas

  *Creidim go láidir*

  *Is fiú a chur san áireamh*

  *Is cinnte go bhfuil*
- Bí réidh do na tuairimí malartacha ó foirne eile. Féach ar an gcéad liosta a rinne tú den dá thaobh den argóint. Conas a rachaidh tú i ngleic leis na tuairimí eile? Bí réidh le freagairt dóibh. Bain úsáid as roinnt de na nathanna seo a leanas:

  *Níl ann ach seafóid!*

  *Níl mé ag teacht leis an tuairim sin in aon chor!*

  *Caith uait an ráiméis sin!*
- Is féidir díospóireacht siúlóide a chur ar bun. Seasann an dá fhoireann ar dhá thaobh den seomra. Seasann an chuid eile den rang sa lár. Éistfidh na daltaí sa lár le gach pointe. Má aontaíonn siad go mór leis an bpointe atá á rá ag foireann amháin, tógfaidh siad coiscéim ina treo. Má aontaíonn siad beagán leis, tógfaidh siad coiscéimín. Tá an dá fhoireann ag iarraidh a oiread daltaí agus is féidir a mhealladh chucu.

# TUILLEADH ACMHAINNÍ

- Pacáiste Áiseanna na nGiúiréithe Sóisearacha 2020/Junior Juries Resource Pack 2020: https://kpmg-childrens-books-ireland-awards.s3-eu-west-1.amazonaws.com/Junior-Juries-ResourcePack-2020.pdf
- Breathnaigh ar shuíomh Mháire Zepf. Cad iad na leabhair eile atá scríofa aici? An bhfuil aon cheann eile léite agat? https://www.mairezepf.com/

# GLUAIS

Achainí....Appeal
Aclaí.... Fit
Adaimh .... Atoms
Aerdhíonach.... Airtight
Áilleacht....Beauty
Aimhréidh (in) ....Tangled
Aineolas .... Ignorance
Ainneoin – Do m'ainneoin ghlan....In spite of myself
Airdeallach .... Alert
Aisteoir ....Actor
Aithne....Knowledge of someone
Aithním....I recognise
Amharc (ag) .... Looking
Amhrasach .... Doubtful
Anann .... Pineapple
Andúil .... Addiction
Andúileach náireach .... Shameful addict
Aoibh an ghaíre ....Beaming with a smile
Ardnósach – Go hardnósach....In a posh way
Bagairt bhorb .... Fierce threat
Bagairtí ....Threats
Bailiú nirt ....Gathering strength
Baill ghorma .... Bruises
Báite .... Drowning
Baithis.... Top of the head
Balbh.... Mute
Ballóga ....Ruins
Bannaí....Bail
Baoite .... Bait
Barróg....Hug
Béal dorais ....Next door
Beann – Beag beann ar .... No regard for
Béarlóirí .... English speakers
Beatha....Life
Béicíl (ag) ....Shouting
Beirteanna ....Pairs
Beo beathach ....Alive
Beola.... Lips
B'fhéidir go dtiocfadh linn ....Perhaps we could
Bídeach ....Tiny
Bindealáin ....Bandages
Bís (ar) ....Excited
Bisíonn ....Improve
Bitseach .... Bitch
Blaosc ....Skull/Shell
Bleachtaire cigire ....Inspector Detective
Blúirín grinn.... Funny snippet
Bogearra aghaidh aitheanta ....Facial recognition software
Boladh....Smell
Bomaite.... Minute
Bómánta....Slow witted
Bothán ....Shed
Bradach....False
Braillín .... Sheet
Brat....Cloak
Bratach ....Flag
Breac.... Speckled
Breacadh (ag)....Scribbling
Bréagach ....False
Bréagmhilis .... Falsely sweet
Bréagnú....Contradict
Brionglóideach (ag) .... Dreaming
Brollach.... Front/Breast
Buama adamhach ....Atomic bomb
Buan.... Permanent
Buíon ....Group
Bunoscionn ....Upside down
Cadhnra ....Battery
Cáidheach .... Dirty
Caillte ....Lost
Caimiléireacht.... Cheating
Cainteach....Talkative
Caismirneach (ag) ....Twisting

Caitheamh anuas ar ............................ Criticising
Cáithníní .......................................Goosebumps
Callánach ..............................................Noisy
Canna stáin ........................................... Tin can
Caoch...................................................... Squint
Caoinim ..................................I lament/Cry for
Ceapadh ............................................. Intercept
Ceapadóir ............................................ Inventor
Cearr....................................................... Wrong
Céill – Cur i gcéill ................................Pretence
Ceilt........................................................... Hide
Ceo .............................................................Fog
Chaith mé aníos ................................. I vomited
Chím .......................................................... I see
Choíche.......................................................Ever
Chum mé ......................................... I composed
Ciallaíonn sé......................................... It means
Ciarsúr ..................................................... Tissue
Cigilt (ag).............................................. Tickling
Cinéalta ..................................................... Kind
Cíochbheart ............................................... Bra
Cíocrach (go) ........................... Greedily, eagerly
Cíor........................................................ Comb
Cíor tuathail........................................Confusion
Cith....................................................... Shower
Cithfholcadh ........................................... Shower
Ciumhais ...................................................Edge
Clábar ........................................................ Mud
Claíomh .................................................. Sword
Clár scátála ...................................... Skateboard
Clib suímh ...................................... Location tag
Clipeadh................................That tormented me
*a bhí do mo chlipeadh*

Clisteacht........................................... Smartness
Cló ............................................................Print
Clóca na dofheictheachta...... Cloak of invisibillity
Clochaois ........................................... Stoneage
Cloigeann cromtha ............................. Head bent
Cluasáin ............................................ Earphones
Cluin .......................................................... Hear
Cnag .........................................................Knock
Cnaipí ......................................... Buttons/Keys
Cnámh an uchta ................................ Breastbone
Cnap ........................................................... Heap
Cogarnach (ag)................................ Whispering
Cógas .................................................. Medicine
Coim ......................................................... Waist
Coimhéad (ag) orainn........................Watching us
Coinnithe ...................................................... Kept
Coir.......................................................... Crime
Colgach ..................................................... Angry
Colm ............................................................Scar
Comhartha ceiste ......................... Question mark
Comhartha uaillbhreasa............Exclamation mark
Comharthaí ............................................... Signs
Comharthaí athfhriotail ............ Quotation marks
Corpán ..................................................Corpse
Cosc ............................................................Ban
Craiceáilte ................................................Crazy
Créacht ......................................................Gash
Crochadh thart...........................Hanging around
Cróga ........................................................ Brave
Croitheadh (ag)..................................... Shaking
Cromán ........................................................ Hip
Cruálach.................................................... Cruel
Crúba ........................................................Claws
Crúca ........................................................Hooks
Cuimhneamh......................................Remember
Cuimil ............................................................ Rub
Cuir an ruaig ar .................................Chase away
Cuireadh ............................................. Invitation
Cuireadh chun cairdis..................... Friend invite
Cúisíodh ........................................ Was charged
Cúlchasadh.............................................. Rewind
Cumhra ................................................ Fragrant
Cur síos ................................................. Describe

Cur thar maoil (ag) .......... Overflowing
Cúthalach .......... Shy
Daingne .......... Solid
Dalba .......... Bold
Dána .......... Bold
De ghlanmheabhair agam .... I know it off by heart
De phreab .......... Suddenly
Deachumtha .......... Shapely
Déagóir .......... Teenager
Dearbhán .......... Voucher
Deas bualadh leat .......... Nice to meet you
Deimhin .......... Certain
Deisceabail .......... Disciples
Déistineach .......... Disgusting
Diabhlaíocht .......... Devilment
Dialann .......... Diary
Diongbháilte .......... Firm
Dó .......... Burn
Dochar .......... Damage
Dochas .......... Hope
Dofheicthe .......... Invisible
Doiléir .......... Unclear
Dordán .......... Buzz
Dósan .......... His
Draíocht .......... Magic
Dríodar .......... Sediment
Drithleach .......... Glittering
Drithliní .......... Drops
Drithliú (ag) .......... Sparkling
Duairceas .......... Gloominess
Dúil leat (ag) .......... Expecting you
Dul amú .......... Am I mistaken?
*An bhfuil dul amú orm?*
Dúnmharaithe .......... Murdered
Dúnmharfóir .......... Murderer
Dúr .......... Obstinate
Éad .......... Jealousy
Eadrainn .......... Between us

Eangach shábhála .......... Safety net
Éignigh .......... Rape
Éin chorra – Na héin chorra .......... Outsiders
Eiteog .......... Wing
Eitilt (ar) .......... Flying
Eochair .......... Key
Eolas .......... Knowledge
Fadálach .......... Slow and boring
Faiche .......... Lawn
Faire .......... Wake
Smacht – Faoi smacht .......... Controlled
Faoiseamh na feirge .......... Relief of anger
Fáscadh mo scornaí .......... Squeezing my throat
Feanntach .......... Bitter
Féasóg lae .......... Stubble
Feasta .......... From now on
Feiceálach .......... Noticeable
Féidearthacht .......... Possibility
Féileacáin .......... Butterflies
Féinfhuath .......... Self-hate
Féinín .......... Selfie
Féinmheas .......... Self-respect
Féirín .......... Present
Feithicil .......... Vehicle
Feodach .......... Feudal
Fiaclach .......... Toothy
Fiáin .......... Wild
Fianaise .......... Evidence
Fir grinn .......... Clowns
Fíric .......... Fact
Fírinneach .......... Truthful
Físeán .......... Video
Fisic .......... Physics
Focail phlámáis .......... Flattering words
Focal faire .......... Password
Fógairt .......... Announcing
Foighneach .......... Patient
Foilseáin .......... Exhibits

Foireann........ Suit
Foirfe........ Perfectly
Foluain (ar)........ Floating
Folús........ Vacuum
Fonn cainte........ Desire to talk
Fraochta........ Furious
Fuadar........ Activity
Fuil (fola)........ Blood
Fuinniúil........ Energetic
Fulaingt........ Suffer
Gafa........ Stuck
Gaiste........ Trap
Galar........ Disease
Gasúir........ Boys
Geáitsíocht (ag)........ Play-acting
Geal........ Bright
Gealgháireach........ Joyous
Geall – Mar gheall ort........ Because of you
Geallaim duit........ I promise you
Gealt........ Mad person
Gearáin........ Complaints
Géibheann........ Captivity
Geit........ Fright
Geolaíocht........ Geology
Ghabh siad é........ They arrested him
Giodalach........ Giddy
Girseach........ Girl
Glaoigh........ Call
Glas........ Lock
Gléasta........ Dressed
Glór........ Voice
Gnúsacht........ Sob
Go críonna........ Wisely
Gogamán........ Babysitter
Goirt........ Salty
Gol........ Weeping
Gonta........ Sharp
Grabhróg suime........ Crumb of interest
Grabhróga........ Crumbs
Gráinnín........ Granule
Greadadh (ag)........ Stamping
Greadfach........ Stinging pain
Greim an fhir bháite........ Grip of a drowning man
Gruama........ Depressed
Guíonna........ Prayers
Guth........ Voice
Iarraidh (ar)........ Missing
Impí orm........ Asking me to
Inchinn........ Mind
Inteachán........ Iris
Iompraím........ I carry
Ionsaí gnéis........ Sex attack
Iontaoibh........ Trust
Iontas........ Surprise
Íospartach........ Victim
Lábán........ Mud
Ladhracha........ Toes
Laige – Thit sí i laige........ She fainted
Lánstad........ Full stop
Lása........ Lace
Lasracha........ Flames
Lasta le teas........ Lit up with heat (red)
Leagadh........ Knock over
Leanbaí........ Childish
Leanbh aonair........ Only child
Lear........ Great amount
Léaráid........ Illustration
Léarscáileanna........ Maps
Leigheas........ Cure
Léitheoir nuachta........ Newsreader
Leoga........ Indeed
Líon........ Amount
Líonra........ Network
Lionsaí........ Lenses
Lipéad........ Lable
Locht........ Fault

Lofa .......... Rotten
Lom .......... Bare
Longbhriste .......... Shipwrecked
Lua .......... Mention
Luaithríona .......... Cinderella
Luascadh (ag) .......... Swinging
Luchógach .......... Mouse like
Luchtaire .......... Charger
Lúfar .......... Agile
Madhmann .......... Break
Magadh fúm .......... Mocking me
Maide croise .......... Crutch
Maighnéid .......... Magnet
Maireachtáil .......... Live
Mallaibh – Ar na mallaibh .......... Lately
Malltriallach .......... Slowly
Maoir tráchta .......... Traffic wardens
Maos (ar) .......... Saturated
Mar is gnách .......... As per usual
Marbh .......... Dead
Maslach .......... Insulting
Maslaigh .......... Insult
Mealladh ar .......... Attracting
Meánaosta .......... Middle aged
Méara crosach .......... Fingers crossed
Mearbhall .......... Confusion
Méarchlár .......... Keyboard
Méarlorg .......... Fingerprint
Measúnú .......... Assessment
Mhéadú (a) .......... Make bigger
Mian .......... Desire
Mill .......... Destroy
Milleán .......... Blame
Míniú dó .......... Explaining to him
Míofar .......... Ugly
Mionchúiseach .......... Meticulous
Mionrud .......... Minor detail
Mír .......... Bit
Mire an8 [anocht] .......... Go mad tonight
Mór le chéile .......... Close to each other
Múch .......... Turn off
Muinchille .......... Sleeve
Muinín .......... Confidence
Múinte .......... Politely
Náire .......... Shame
Nathair nimhe .......... Snake
Néalta .......... Clouds
Neamhaibí .......... Immature
Neamhaird .......... Disregard
Neamhchinnte .......... Uncertain
N'fheadar .......... I wonder
Ní soithí .......... Washing dishes
Ní miste liom .......... I don't mind
Nimhiúil .......... Poisonous
Nimhneach .......... Painful
Nocht .......... Exposed/Bare
Nóinín .......... Daisy
Oifigeach idirchaidrimh .......... Liaison officer
Oiread .......... Quantity
Óráid .......... Oration
Pasfhocal .......... Password
Péacóga .......... Peacocks
Pionna .......... Pin
Plaiceanna .......... Bites
Pléascadh .......... Explosion
Pleidhcíocht (ag) .......... Messing
Plódaithe .......... Packed
Plódú (ag) .......... Pressing
Pluais .......... Cave
Pluca .......... Cheeks
Plúch .......... Smother
Pluid .......... Blanket
Plúirín .......... Little flower
Pocléim (ag) .......... Jumping
Polltach .......... Piercing
Poncaíocht .......... Punctuation

Práinn ........ Rush
Preabadh (ag) ........ Bouncing
Priocadh (ag) ........ Stinging
Próiseas fiosrúcháin ........ Investigation process
Puisín ........ Pout
Pus ........ Sulky face
Putóg ........ Gut
Racht feirge ........ Angry outburst
Raon mirlíní ........ Marble track
Reilig ........ Graveyard
Réiteach ........ Solution
Reithe cogaidh ........ Battering ram
Reoite ........ Frozen
Ridirí ........ Knights
Riteoga ........ Tights
Rófhaiteach ........ Too afraid
Róghairid ........ Too short
Roic ........ Wrinkles
Rólonrach ........ Too luminous
Rósceimhlithe ........ Too terrified
Róshuaite ........ Too agitated
Ruaigeadh (a) ........ Chase away
Rún ........ Secret
Sáigh ........ Stab
Sáile ........ Sea water
Sáinnithe ........ Trapped
Sáite ionam ........ Fixed on me
Saithe mioltóga ........ Swarm of midges
Samhlaigh ........ Imagine
Samhnas ........ Disgust/nausea
Saonta ........ Naïve
Sárchumhacht ........ Superpower
Scagairí ........ Filters
Scaoll ........ Panic
Scáthán ........ Mirror
Scéalta gáifeacha ........ Sensational stories
Scéalta tubaisteacha ........ Disaster stories
Scéiniúil ........ Frightening
Sceon ........ Fright
Sciathán ........ Arm
Sciotaíl gháire (ag) ........ Giggling
Scleondar ........ Excitement
Scleondar ........ Excitement
Scoith ........ Cut off
Scólta ........ Scalded
Scragall ........ Foil
Scread ........ Scream
Scríoba ........ Scrapes
Scrios ........ Destroy
Seacláid leáite ........ Melted chocolate
Sealgairí ........ Hunters
Sealsa ........ Turn
Seans dá laghad ........ Little chance
Seanslipéir ........ Old slippers
Séidte ........ Blown away
Seilg – Dul ar seilg ........ Hunt
Séimh ........ Gentle
Seomra an phúdair ........ Powder room (bathroom)
Sileadh ........ Dripping
Sínte ........ Stretched
Síob ........ Lift
Síoda ........ Silk
Sióg ........ Fairy
Siogairlín ........ Pendant
Síolta ........ Seeds
Siosarnach ........ Sizzling
Siosúr ingne ........ Nail scissors
Slabhra ........ Chain
Slad ........ Devastation
Slíocadh ........ Smooth out (hair)
Sliospholl ........ Porthole
Slis ........ Chip
Slóchtach ........ Hoarse
Slogadh siar ........ Swallowing back
Smacht – Faoi smacht ........ Controlled
Smearadh (ag) ........ Smearing

Smideadh ........ Make-Up
Smionagar ........ Shattered pieces
Smolchaite ........ Threadbare
Smutachán ........ Sulky person
Snaidhm ........ Knot
Snas ........ Polish
Sochraid ........ Funeral
Sodar (ar) ........ At the double/trotting
Soineanta ........ Calm
Soitheach ........ Vessel
Son (ar) ........ For the sake of
Slándáil ........ Security
Sonc ........ Nudge
Sotalach ........ Arrogant
Spiosrú ........ Spice up
Splancanna ........ Sparks
Spléacadh ........ Glance
Spleodrach ........ Cheerful
Spréite ........ Spread
Sramach ........ Bleary
Sruthlú (ag) tharam ........ Washing over me
Stánadh (ag) ........ Staring
Staonadh ........ Stop
Steal ........ Spilled
Straoiseog Ghealgháireach ........ Smiley happy emoji
Stróic ........ Tear
Stróiceadh ........ Tear
Stua rotha ........ Wheel arch
Stuacach ........ Stubborn
Suarach ........ Insignificant
Suntasach ........ Distinctive
Tachtadh (ag) ........ Choking
Taibhsiúil ........ Ghostly
Taifead ........ Record
Tairiscint (ag) ........ Offering
Tais ........ Damp
Taisce ........ Dear (treasure)
Tanaí ........ Thin
Tarrtháil ........ Rescue
Teach dóite amach ........ Burned out house
Teach na nGealt ........ Madhouse
Teannadh ........ Tighten
Teas ........ Heat
Teasaí ........ Warm
Teoiricí ........ Theories
Thar fóir ........ Over the top
Theip orm mar chara ........ I failed as a friend
Tiarnaí ........ Lords
Tinte-ealaíne ........ Fireworks
Tintreach ........ Lightning
Tiomanta ........ Determined
Tionól ........ Assembly
Tiontaigh ........ Turn
Tógadh ........ Was raised
Tóin poill an fharraige ........ The bottom of the sea
Toirneach ........ Thunder
Tomhas (ag) ........ Guessing
Tonnta ........ Waves
Tormán ........ Noise
Tormánach ........ Noisy
Tost ........ Silence
Truailliú (ag) ........ Polluting
Tréigthe ........ Abandoned
Treoracha ........ Directions
Trína chéile ........ Confused
Triomú (ag) ........ Drying
Tromchúisí ........ Serious
Tromluí ........ Nightmare
Troscán ........ Furniture
Truailligh ........ Contaminate
Tuathánaigh ........ Serfs
Turais ........ Trips
Uathúil ........ Unique
Údarásach ........ Authoritative
Ullmhaigh ........ Prepare
Urghafa ........ Seized

# TUILLEADH EOLAIS

**Lárleabharlann – Leitir Ceanainn**

Guthán: 074 9124950
Ríomhphost: central@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail Bhaile na nGallóglach**

Guthán: 074 9153927
Ríomhphost: milford@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail Bhun Cranncha**

Guthán: 074 9361941
Ríomhphost: buncrana@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail Charn Domhnach**

Guthán: 074 9373701
Ríomhphost: carndonagh@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail an Dá Bhaile – Srath an Urláir**

Guthán: 074 9175384
Ríomhphost: twintowns@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail Leifir**

Guthán: 074 9172726
Ríomhphost: lifford@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair**

Guthán: 074 9560862
Ríomhphost: gaothdobhair@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail na Rosann**

Guthán: 074 9522500
Ríomhphost: narosa@donegallibrary.ie

**Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin**

Guthán: 071 9829665
Ríomhphost: bundoran@donegallibrary.ie

**Leabharlann Bhrainse Bhaile Dhún na nGall**

Guthán: 074 9175329
Ríomhphost: donegaltown@donegallibrary.ie

**Leabharlann Bhrainse Bhun an Phobail**

Guthán: 074 9385110
Ríomhphost: moville@donegallibrary.ie

**Leabharlann Bhrainse Ráth Bhoth**

Druidte go sealadach – Bí i dteagmháil le Leabharlann Phobail an Dá Bhaile - Srath an Urláir

**Leabharlann Bhrainse Bhéal Átha Seanaidh**

Druidte go sealadach – Bí i dteagmháil le Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar www.donegallibrary.ie nó lean

@DonegalCountyLibrary ar Facebook, @DonegalLibrary ar Twitter nó @DonegalLibrary on Instagram

www.donegallibrary.ie
@DonegalCountyLibrary @DonegalLibrary
@DonegalLibrary

children's
books
ireland
every child a reader

www.donegallibrary.ie
@DonegalCountyLibrary
@DonegalLibrary
@DonegalLibrary